PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 3

FÁILTE AGUS SLÁN ABHAILE

PÁIRTNÉIRÍ IOMPAIR TRANSPORT PARTNERS



Tacsaithe Bhéal Feirste
Cuideachta Leas An Phobail
Belfast Taxis C.I.C

WEST AND NORTH BELFAST TAXIS

We are dedicated to a service that spans more than 50 years, the West Belfast Taxi Association drivers are dedicated to serving the community through transport

Coach hire now available: 50 seater and 16 seater vehicles available

Tel: 028 90315777 | Email:belfast.taxis_cic@yahoo.com
West Belfast Taxi Association | 35A King Street | Belfast | BT1 1HU
We are currently recruiting drivers for both buses and taxis.
(Please apply using details above).

VALUE CABS

Féile wishes everyone a great time at this year's events. Please continue to support our transport partners Belfast Taxis CIC and Value Cabs.

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 4



WELCOME TO OUR 2024 AUGUST FÉILE PROGRAMME

FÁILTE GO CLÁR FÉILE LÚNASA 2024 S'AGAINNE

A chairde,

36 years ago, a group of dedicated community activists had the vision of developing and showcasing our community's talent, resilience, determination, and love for arts and culture, through a community festival.

Their ambition then was truly ground breaking. From what started out as a small scale festival of events has grown over the last 36 years into an internationally recognised and celebrated world class festival, welcoming in excess of 100,000 visitors every year to West Belfast.

Our flagship August Féile provides locals and visitors alike with an opportunity to delve into the DNA of what makes West Belfast the best community on earth, tapping into the rhythms which define this vibrant, creative and unique part of the City, where one minute you can be in the hustle and bustle of City life, and the next lost in the hills and countryside overlooking Belfast. Everything from pop-up theatre, children's events, concerts, sports, discussions, debates, visual arts, theatre, tours and walks, literature readings, film screenings and much more can be found during Féile, in what is proudly the largest community festival and summer school in Ireland!

Whether you are new to arts and cultural events, or have simply missed out on the opportunity to experience events over recent years, I encourage you to get out and about within the community, and immerse yourself in this years programme, with over 400 events across 40+ venues right across the City. The atmosphere and real sense of community spirit at Féile is unrivalled.

I promise you won't be disappointed!

A huge go raibh míle maith agaibh must go to our fantastic staff and volunteer committee teams, who have worked tirelessly to put this years' festival together.

Thank you also to our local community, to our key partners, funders, sponsors and stakeholders for supporting Féile over the last 36 years. Our promise as always to you, and to those who had the bold vision all those years ago of what Féile an Phobail could become, is that we will continue to be ambitious, we will continue to lead, and we will continue to showcase all that is great about West Belfast.

Our 2024 Festival Programme promises to be one to remember, and will showcasey the very best of what our community has to offer.

We look forward to seeing old friends and making new ones, and welcoming people from all over the World from the 1st -11th August 2024.

Bigí linn!

Kevin Gamble, Director, Féile an Phobail

A chairde,

36 bliain ó shin, bhí fís ag grúpa gníomhaithe pobail díograiseacha tallann, teacht aniar, diongbháilteacht ár bpobail a fhorbairt agus a léiriú, agus an grá do na healaíona agus do chultúr a léiriú trí fhéile pobail.

Bhí a n-uaillmhianta fíorcheannródaíoch. Thosaigh sí amach mar fhéile bheag imeachtaí ach thar 36 bliain, d'fhás sí ina féile den chéad scoth a bhfuil clú idirnáisiúnta aici, a cheiliúrtar ar fud an domhain agus a chuireann fáilte roimh bhreis agus 100,000 cuairteoir go hIarthar Bhéal Feirste gach bliain.

Tabharfaidh ár bpríomhfhéile Lúnasa deis do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí na fáthanna arb é pobal Iarthar Bhéal Feirste an pobal is fearr ar an domhan é a fháil amach chomh maith le ceangal a dhéanamh le rithimí a leagann amach cad is cuid bheoga, chruthaitheach agus uathúil den Chathair seo ann, mar ar féidir libh a bheith i ruaille buaille shaol na Cathrach nóiméad amháin, agus ansin a bheith caillte sna cnoic agus faoin tuath atá os cionn nó thart ar Bhéal Feirste sa chéad nóiméad eile. Beidh gach rud ó phreabamharclannaíocht, imeachtaí do pháistí, ceolchoirmeacha, spóirt, caibidlí, díospóireachtaí, amharcealaíona, amharclannaíocht, turais agus siúlóidí, léamha litríochta go léiriú scannán agus i bhfad níos mó ar siúl i rith Féile, an fhéile pobail agus an scoil samhraidh is mó in Éirinn!

Mar sin, más nó munar rudaí nua daoibh iad na himeachtaí ealaíon agus cultúrtha, nó má chaill sibh an deis le dul chuig na himeachtaí le blianta déanacha anuas, spreagaim sibh le dul amach i measc ár bpobail, le páirt dhíreach a ghlacadh in imeachtaí chlár na féile i mbliana, mar beidh breis agus 400 imeacht ar siúl i mbreis agus 40 áit ar fud na Cathrach. Níl sárú an atmaisféir agus mheon an phobail ag Féile.

Geallaim daoibh nach mbeidh díomá oraibh!

Ba mhaith liom buíochas mór a ghabháil lenár bhfoireann agus lenár bhfoirne coiste saorálaithe iontacha, a d'oibrigh gan stad gan staonadh leis an fhéile seo a chur le chéile i mbliana.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil fosta lenár bpobal áitiúil, lenár bpríomhpháirtnéirí, lenár maoinitheoirí, lenár n-urraitheoirí agus lenár bpáirtithe leasmhara as tacaíocht a thabhairt do Féile le 36 bliain anuas. Tugann muid gealltanas daoibh agus dóibh siúd a raibh an fhís mhisniúil sin acu blianta ó shin faoin rath a d'fhéadfadh a bheith ar Fhéile an Phobail, go leanfaidh muid ar aghaidh le bheith uaillmhianach, ceannródaíoch, agus gach rud a bhíonn iontach faoi Iarthar Bhéal Feirste a thaispeáint.

Geallaim nach ndéanfar dearmad ar Chlár Féile 2024 s'againne choíche, agus go gcuirfidh muid scothimeachtaí an phobail ar fáil le chéile.

Tá muid ag súil le seanchairde a fheiceáil arís, cairdeas nua a dhéanamh, agus fáilte a chur roimh dhaoine ó fud fad an Domhain ó 1 – 11 Lúnasa 2024..

Bigí linn!

Stiúrthóir, Féile an Phobail

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 5



AS A LONGSTANDING FUNDER OF FÉILE AN PHOBAIL, WE'RE DELIGHTED TO BE SUPPORTING THIS FLAGSHIP EVENT AS IT ENTERS ITS 36TH YEAR.

MAR MHAOINITHEOIR SEANBHUNAITHE FÉILE AN PHOBAIL, TÁ LÚCHÁIR ORAINN TACAÍOCHT A THABHAIRT DON PHRÍOMHIMEACHT SEO AGUS É AG CEILIÚRADH A 36Ú BLIAIN AR AN SAOL.

Féile has grown to become the largest community arts festival in Ireland, attracting thousands of people of all ages and backgrounds to enjoy culture and the arts – many for the first time.

Belfast's vibrant festival scene is key to our cultural identity and expression. The widely acclaimed summer Féile is a key event in Belfast's cultural calendar and it takes on even more significance this year during Belfast 2024 - our city's biggest ever cultural and creative celebration.

As always, there's a diverse line-up of entertainment and creative activity from tours, talks, debates and crafts to carnival, visual arts, sport, literature and film. And it continues to play a major role in helping to deliver our UNESCO City of Music ambitions, attracting thousands of people of all ages and backgrounds to enjoy gigs both large and small.

I hope you enjoy Féile 36 and I'd like to wish everyone involved – from the organisers, artists and performers to the host of volunteers – the very best of luck.

Lord Mayor of Belfast, Councillor Micky Murray

Mar mhaoinitheoir seanbhunaithe Féile an Phobail, tá lúcháir orainn tacaíocht a thabhairt don phríomhimeacht seo agus é ag ceiliúradh a 36ú bliain ar an saol

Mar gheall ar rath agus ar fhás Féile is í an fhéile ealaíon pobail is mó in Éirinn í, a mheallann na mílte daoine de gach aois agus cúlra chuici le sult a bhaint as cultúr agus as na healaíona – den chéad uair riamh, i gcás cuid mhór daoine.

Tá saol spleodrach féile Bhéal Feirste barrthábhachtach dár bhféiniúlacht agus dár léiriú cultúrtha. Is príomhimeacht i bhféilire cultúrtha Bhéal Feirste Féile an tsamhraidh seo a bhfuil dea-cháil mhór i bhfad agus i ngearr uirthi, agus tá sí níos barrthábhachtaí i mbliana le linn Béal Feirste 2024 – an ceiliúradh cultúrtha agus cruthaitheach is mó ná riamh inár gcathair.

Mar is gnách, beidh réimse éagsúil gníomhaíochtaí siamsúla agus cruthaitheacha ann, ó thurais, chainteanna, cheol, dhíospóireachtaí agus cheardaíocht go carnabhal, na hamharcealaíona, spórt, litríocht, agus scannáin. Bíonn ról ríthábhachtach go fóill ag Féile ár n-uaillmhianta Chathair Cheoil EOECNA a fhíorú. Meallann sí na mílte daoine de gach aois agus cúlra le teacht agus sult a bhaint as an réimse imeachtaí ceoil idir mhór agus bheag.

Tá súil agam go mbainfidh sibh sult as Féile 36 agus ba mhaith liom gach rath a ghuí ar gach duine a bheidh páirteach inti – ó na heagraithe, na healaíontóirí agus na taibheoirí go dtí an líon mór saorálaithe. Ádh mór oraibh go léir.

Lord Mayor of Belfast, Councillor Micky Murray

Supported by
Belfast
City Council

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 6

FOREWORD
RÉAMHRA



THE ARTS COUNCIL IS DELIGHTED TO BE FÉILE AN PHOBAIL'S PRINCIPAL FUNDER. IT'S THE ARTS COUNCIL'S MISSION TO DEVELOP AND CHAMPION THE ARTS, AND ONE OF OUR PRIORITIES IS TO ENSURE THAT PEOPLE FROM ALL BACKGROUNDS GET TO ENJOY FANTASTIC ARTS EXPERIENCES. FÉILE IS ALWAYS A GREAT EXAMPLE OF THIS WORKING IN PRACTICE.

TÁ RÍMÉAD AR AN CHOMHAIRLE EALAÍON BHEITH MAR PHRÍOMH-MHAOINITHEOIR FÉILE AN PHOBAIL. IS É MISEAN NA COMHAIRLE EALAÍON NA HEALAÍONA A FHORBAIRT AGUS TACAÍOCHT A THABHAIRT DÓIBH. TÁ SÉ AR CHEANN DÁR DTOSAÍOCHTAÍ LE CINNTIÚ GUR FÉIDIR LE DAOINE Ó GACH CÚLRA SULT A BHAINT AS EISPÉIRIS EALAÍON IONTACHA.

While its roots are firmly planted in the communities of West Belfast, it also reaches out across the city and beyond, offering a welcome to everyone to come along and experience the vibrant arts and cultural scene here.

The festival represents only the tip of the (very large) iceberg, with a major programme of community engagement and inclusive events taking place across the entire year. However, as Ireland's largest community arts festival, August Féile is always guaranteed to be a stand-out event on Belfast's creative calendar.

We wish Féile an Phobail continued success in delivering their vision for the ongoing creative regeneration of West Belfast. Enjoy the festival

Roisín McDonough, Chief Executive, Arts Council of Northern Ireland

Is fíoreiseamláir de seo ag obair i ndáiríre í Féile. Cé go bhfuil a fréamhacha bunaithe go daingean i bpobail Iarthar Bhéal Feirste, bíonn teacht ag níos mó daoine ó fud fad na cathrach agus ó níos faide i gcéin uirthi chomh maith, agus cuireann sí fáilte roimh chách teacht agus sult a bhaint as an saol ealaíon agus cultúrtha spleodrach anseo.

Níl san fhéile amháin ach an chuid is lú den scéal (iontach mór), mar bíonn clár mór imeachtaí rannpháirtíochta pobail agus cuimsitheacha ar siúl ar fud fad na bliana iomláine. Mar an fhéile ealaíon pobail is mó in Éirinn áfach, is féidir bheith cinnte i gcónaí gur príomhimeacht i bhféilire cruthaitheach Bhéal Feirste í.

Guíonn muid gach rath ar Féile an Phobail a bhfís le hathnuachan chruthaitheach leanúnach Iarthar Bhéal Feirste a fhíorú. Bainigí sult as an fhéile.

Roisín McDonough, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann

PRINCIPAL FUNDER
arts council of Northern Ireland

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 7



TOURISM NI IS PLEASED TO SUPPORT THE 2024 FÉILE AN PHOBAIL AUGUST FESTIVAL

TÁ ÁTHAS AR TOURISM NI TACAÍOCHT A THABHAIRT DO FÉILE AN PHOBAIL 2024.

Féile's 2024 programme features 650 vibrant and diverse events, showcasing music, literature, theatre, sport and debates and discussions. Audiences will be spoilt for choice with the variety of experiences on offer, with something for everyone to come along and enjoy. The festival provides a wonderful platform to animate the destination this August.

Events such as the Féile are firmly established within our tourism fabric and are recognised as having an important role in contributing to the economy. The festival has grown to be one of the biggest community festivals in Europe and continues to attract a significant number of local and international visitors.

I commend the dedication and hard work of the team at Féile for continuing to deliver such high quality and diverse programming.

I wish organisers, sponsors, participants, and spectators the very best for what I am sure will be another memorable Féile an Phobail festival.

John McGrillen, Tourism NI, CEO

I gclár Féile 2024 beidh 650 imeacht beoga agus éagsúil ina mbeidh ceol, litríocht, amharclannaíocht, spórt, plé agus díospóireachtaí. Ní bheidh easpa roghnanna ar na luchtanna féachana. Beidh eispéiris éagsúla ar fáil, agus beidh imeachtaí ann do gach duine le teacht chucu agus le sult a bhaint astu. Tabharfaidh an fhéile seo deis iontach spleodar a chur sa cheantar seo agus an áit seo a chur chun cinn i mí Lúnasa na bliana seo.

Tá imeachtaí amhail Féile fadbhunaithe anois inár gcreatlach thurasóireachta agus aithnítear go bhfuil ról tábhachtach aici cur leis an gheilleagar. Mar gheall ar an fhás ar an fhéile seo tá sí ar cheann de na féilte pobail is mó san Eoraip agus meallann sí líon an-mhór cuairteoirí áitiúla agus idirnáisiúnta go fóill.

Molaim díograis agus dianobair na foirne ag Féile as a leithéid seo d'imeachtaí ardchaighdeánacha agus éagsúla ar chur ar fáil.

Guím gach rath ar na heagraithe, ar na hurraitheoirí, ar na rannpháirtithe agus ar na luchtanna féachana mar tá mé cinnte go mbeidh Féile iontach arís ann nach ndéanfar dearmad uirthi.

John McGrillen, Tourism NI, CEO

TOURISM NORTHERN IRELAND

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 8

FOREWORD
RÉAMHRA



AT TENNENT'S NI, WE WELCOME BEING INVOLVED ANNUALLY WITH FÉILE AN PHOBAIL IN THE CELEBRATORY SERIES OF EVENTS DELIVERED LOCALLY.

AG TENNENT'S NI, CUIREANN MUID FÁILTE ROIMH ÁR BPÁIRTEACHAS BLIANTÚIL LE FÉILE AN PHOBAIL SA TSRAITH IMEACHTAÍ CEILIÚRTHA SEO, A CHUIRTEAR AR FÁIL GO HÁITIÚIL.

As official pouring partner we especially look forward to this event in our busy calendar of events over the summer months.

We are proud of our long-standing association with Féile an Phobail and supporting the provision of an exciting series of events and experiences for locals and visitors alike, which help celebrate the rich cultural history and diversity of Belfast, our people and communities.

As a major local employer, whose heritage is rooted in this part of Belfast, we look forward to working with the local licensed trade and hospitality sector to enhance the sociability and craic which surrounds the festival.

We are delighted to put ourselves at the heart of Féile again this year, and congratulate all those involved who continue to drive the success of the event year after year.

JC Rice, Sales Director, Tennent's NI

Mar a páirtnéir deochanna tá muid ag súil go mór leis an fhéile seo arís inár bhféilire gnóthach imeachtaí le linn míonna an tsamhraidh seo i mbliana.

Tá bród mór againn as ár gceangal seanbhunaithe le Féile an Phobail agus as a bheith ag tacú le sraith imeachtaí agus eispéireas iontacha seo a chur ar fáil do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí araon. Ceiliúrann siad seo stair chultúrtha shaibhir agus éagsúlacht Bhéal Feirste, ár muintire agus ár bpobal.

Mar phríomhfhostóir áitiúil a bhfuil a stair fréamhaithe in Iarthar Bhéal Feirste, tá muid ag súil le bheith ag obair leis an earnáil trádála ceadúnaithe agus fáilteachais áitiúil chun cur leis an suáilceas agus an chraic a bhíonn san fhéile seo.

Tá an-áthas orainn sinne a chur ag croílár Féile arís i mbliana agus déanann muid comhghairdeas leo uilig a chuireann rath an imeachta chun cinn bliain i ndiaidh bliana.

JC Rice, Sales Director, Tennent's NI

A MESSAGE FROM OUR CHARITY PARTNER HARBERTON SCHOOL

TEACHTAIREACHT ÓNÁR BPÁIRTNÉIR CARTHANACHTA, SCOIL HARBERTON

Harberton School in Belfast provides for over 350 children with additional special needs. In Harberton we celebrate each child and strive to provide them with the highest quality learning experiences.

We established the registered Friends of Harberton charity to enhance the educational and play experiences for all the pupils. This year we are hoping to raise money to renovate some of the outdoor play areas across both sites (Harberton and Harberton North), which are in great need of a revamp. The spaces we have for our children are extremely important; they offer areas for the children to learn through play, to regulate and to develop friendships. Much of the equipment we currently have is run-down and needs to be replaced. Our children love the trips we take throughout the year to the park and this would allow us to bring the park to them, providing them with a safe area for enjoyment throughout the day. We are delighted to be chosen by Féile an Phobail as a charity partner.

Riarann Scoil Harberton i mBéal Feirste do bhreis agus 350 páiste a bhfuil sainriachtanais bhreise acu. In Harberton, ceiliúrann muid gach páiste agus déanann muid ár ndícheall na heispéiris foghlama is ardchaighdeánaí a sholáthar dóibh.

Bhunaigh muid an charthanacht chláraithe, Friends of Harberton, chun cur leis na heispéiris oideachais agus shúgartha do na daltaí go léir. Tá súil againn le hairgead a thiomsú i mbliana chun cuid de na háiteanna súgartha allamuigh sa dá shuíomh, (Harberton agus Harberton Thuaidh), a athchóiriú, áiteanna a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu. Tá na spásanna atá againn dár bpáistí barrthábhachtach. Cuireann siad áiteanna ar fáil do na páistí le foghlaim trí shúgradh, le cairdis a rialú agus a fhorbairt. Tá an chuid is mó den trealamh atá againn faoi láthair spíonta agus is gá dúinn trealamh nua a fháil ina ionad. Is breá lenár bpáistí na turais a dhéanann muid go dtí an pháirc i rith na bliana agus ligfeadh sé seo dúinn an pháirc a thabhairt dóibh. Chuirfeadh sé seo áit shábháilte ar fáil dóibh as ar féidir leo sult a bhaint i rith an lae. Tá lúcháir orainn go raibh Féile an Phobail ár roghnú mar pháirtnéir carthanachta.

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 9

FÉILE ROCKS PRIDE



11

DAILY EVENTS 31ST JULY - 11TH AUGUST | 31 IÚIL - 11 LÚNASA



12-208

OTHER EVENTS
IMEACHTAÍ EILE



212-216

VISUAL ARTS & EXHIBITIONS | NA HAMHARCEALAÍONA AGUS TAISPEÁNTAIS



219-250

Féile an Phobail
IRELAND'S BIGGEST COMMUNITY ARTS FESTIVAL

Féile an Phobail Board:
Harry Connolly – Chair
Sam Baker – Treasurer
Seán Mistéil
Sue Ramsey
Pádraig Ó'Muirigh
Lauren Slane
Gráinne Holland

Féile an Phobail Staff:
Kevin Gamble – Director
Eoin Jennings – Finance Manager
Áine McCabe – Development Manager
Kevin Morrison – Community Engagement Manager
Gráinne Reilly – Artistic Programme Coordinator & Events Manager
Joe Herald – Community Cohesion Co-ordinator
Rachel McLaughlin - Arts & Wellbeing Co-ordinator
John Henry Samuelsen – International Intern

Office/ Contact Details:
Féile an Phobail
Ionad Naomh Comhghall, Sráid Dhubhaise
St Comgall's, Divis Street
Béal Feirste - Belfast
BT12 4AQ
Guthán/Tel: 028 9560 9984
Ríomhphost/E-mail: info@feilebelfast.com
Suíomh Gréasáin/Web: www.feilebelfast.com

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 10



PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 11

Saturday 27th July

FÉILE ROCKS PRIDE AT CITY HALL

RAC-CHEOL AG PRIDE NA FÉILE

2:30pm–6pm



GROUNDS OF BELFAST CITY HALL

The annual Féile concert on the grounds of Belfast City Hall is back with a bang and will be taking place in conjunction with ***Belfast Pride Day*** featuring our biggest and most eclectic line up yet from the best of young emerging and established artists from across the city and beyond. This year's concert will include indie punk band ***Cherym;*** rock band ***The Thing Is;*** techno and D'n'B live act HY:LY; indie band ***Klyda*** and Gaelic Electrofolk band ***HUSK.***

Part of Féile's Community Engagement and Youth Arts Programmes and Proudly Supporting Belfast Pride

Supported by The Executive Office, T:BUC (Together Building United Communities) In partnership with the Oh Yeah Centre, 'Volume Control Programme'

TALAIMH HALLA CATHRACH BHÉAL FEIRSTE


Beidh ceolchoirm bhliantúil Féile ar ais arís ar thalaimh Halla Cathrach Bhéal Feirste agus a bheidh ar siúl i gcomhar le Lá ***Pride Bhéal Feirste.*** Beidh na ceoltóirí is mó agus is eicléictiúla ná riamh roimhe ann ó scoth na gceoltóirí óga atá ag teacht chun cinn go ceoltóirí cruthaithe ó fud fad na cathrach agus níos faide i gcéin sa cheolchoirm seo. Ag gabháil cheoil ag ceolchoirm na bliana seo beidh an banna ceoil indie punc ***Cherym;*** an banna rac-cheoil ***The Thing Is;*** an ceoltóir techno agus D'n'B beo ***HY:LY;*** an banna ceoil indie ***Klyda*** agus banna leictreacheoil tíre Gaelach ***HUSK.***

Mar chuid de Chláir Ealaíon Óige agus Rannpháirtíochta Pobail Féile an Phobail a Thacaíonn go Bródúil le Pride Bhéal Feirste

Tacaithe ag Oifig an Fheidhmeannais, T:BUC (Together Building United Communities). i gcomhar le 'Volume Control Programme' Ionad Oh Yeah

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 12

5:30pm



BOOK LAUNCH
SEOLADH LEABHAIR

TOM HARTLEY

ST COMGALLS, DIVIS STREET

Tom Hartley's continued research of the graves in Belfast City Cemetery is a reminder there is always another story to tell. He has continued to accumulate the stories of the remarkable individuals whose lives are captured in the pages of his latest work 'More Stories from Belfast City Cemetery'.

Free event. No booking required.

Enquiries: walksinthepast@gmail.com

IONAD NAOMH COMHGHALL, SRÁID DHUBHAISE

Cuireann an taighde leanúnach atá Tom Hartley ag déanamh ar uaigheanna Reilig Cathrach Bhéal Feirste i gcuimhne dúinn go mbíonn scéalta eile le hinsint i gconaí. Leanann sé ar aghaidh scéalta na ndaoine aonair iontacha a bhailiú i leathanaigh a shaothar dhéanaigh 'More Stories from Belfast City Cemetery', ina dtugann sé cuntas ar a saolta.

Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

Fiosrúcháin: walksinthepast@gmail.com

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 13

6pm

FÉILE'S ANNUAL VISUAL ARTS LAUNCH EVENT

ST MARY'S UNIVERSITY COLLEGE

Join us for the launch of this years' Visual Arts Exhibition and view over 45 exhibitions including a mix of legacy exhibitions, fine art, prints, photography, sculpture, digital art, and audio-visual installations from talented artists and groups across the country and beyond.

Refreshments provided. Open invite, no booking required.

For a full list of this years' exhibitions please view the Visual Arts section of this programme

In partnership with the Ulster Museum there will be three paintings by local artist Gerard Dillon (1916-1971) for you to enjoy.

SEOLADH BLIANTÚIL AMHARCEALAÍON FÉILE

COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE

Bí linn do sheoladh Thaispeántas Amharcealaíon na bliana seo agus amharc ar bhreis agus 45 taispeántas, meascán de thaispeántais staire, agus de shuiteáin mínealaíne, priontaí, grianghrafanna, deabh, ealaíne digití agus closamhairc ó ealaíontóirí agus ó ghrúpaí tallannacha ó fud fad na tíre agus níos faide i gcéin.

Cuirfear sólaistí ar fáil. Cuireadh oscailte, ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

Do liosta iomlán de thaispeántas na bliana seo amharc ar an chuid Amharcealaíon den chlár seo

I gcomhar le hIarsmalann Uladh, cuirfear trí phictiúr a bhí déanta ag an ealaíontóir áitiúil, Gerard Dillon (1916-1971), ar taispeáint. Tar, amharc orthu agus bain sult astu.



PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 14

9:30am

'THE DIGITAL TRANSFORMATION OF TOURISM AND TOURISM EXPERIENCES'

A tourism development seminar presented by Fáilte Feirste Thiar and Féile an Phobail.

Fáilte Feirste Thiar
PROMOTING WEST BELFAST TOURISM
www.visitwestbelfast.com

"Technologies are emerging, disrupting and affecting our lives in ways that indicate we are at the beginning of a Fourth Industrial Revolution, a new era in which digitalization builds and impacts societies in new and often unanticipated ways"

Tourism was one of the first sectors to digitalize business with the sector being a consistent early adopter of new technologies and platforms. A digitalized tourism sector must innovate and generate new business opportunities to ensure the continued competitiveness, growth and sustainable development of the sector. Digitalization is expected to continue propelling the travel experience on its trajectory towards becoming more seamless, frictionless, and high quality and in a way that contributes to the Sustainable Development Goals (SDGs) of the United Nations.

Fáilte Feirste Thiar in partnership with Féile an Phobail will bring together a group of international experts to discuss how tourism is and will harness digital technologies over the next five years.

At this unique and special gathering they will consider data capture and analysis, location-based services, artificial intelligence, augmented and virtual reality, and blockchain technology.

Our international guests include:
Patrick Torrent, Executive Director, Catalan Tourist Board; Thomas Kierkgaard, Head of NTT Data Smart Destinations; Lars Olsen, former Director of Danish National Centre for Coastal Tourism and Consultant; Digital Solutions, Austria; Julian Jenkins, Digital Analyst and Founder of FANALYSE.

The seminar will be facilitated by award winning renowned tourism consultant Professor Terry Stevens.

Key topics to be discussed:
Smart travel facilitation, Smart destinations and Smart experiences.



Date – Thursday 1st August

Time – 9.30am – 1pm

Venue – St Comgalls,Ionad Eileen Howell

To register your attendance please contact: sean@visitwestbelfast.com

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 15

10am



THE FALLS ROAD MURAL TOUR

MEETING POINT: COISTE'S MURAL, DIVIS TOWER, DIVIS STREET

Former activists and political ex-prisoners from within the Republican community host this 3-hour walking tour and provide in depth insight into the most recent phase of the Anglo-Irish conflict. The guides weave their own personal stories as they visit many different sites that explain both the local and wider history of Ireland.

All dates: Thu 1st, Sat 3rd, Tue 6th, Thu 8th & Sat 10th

Tickets: £15 - £16.50

Book: www.eventbrite.co.uk/e/falls-road-mural-tour-tickets-189578754157?aff=oddtdtcreator

Enquiries: 028 9020 0770 or tours@coiste.com

TURAS NA MÚRPHICTIÚR AR BHÓTHAR NA BHFÁL

ÁIT CHOINNE: MÚRPHICTIÚR COISTE, TÚR DHUBHAISE, SRÁID DHUBHAISE

Tabharfaidh iarghníomhaithe agus iarchimí polaitiúla ón phobal Phoblachtach Éireannach an cuairteoir ar an turas siúil mion 3 huaire seo tríd an choimhlint Angla-Éireannach is déanaí. Inseoidh na treoraithe a scéalta pearsanta féin agus iad ag tabhairt cuairte ar shuíomhanna éagsúla a léiríonn stair áitiúil agus níos leithne na hÉireann.

Na dátaí uilig: Déardaoin 1ú, Dé Sathairn 3ú, Dé Máirt 6ú, Déardaoin 8ú & Dé Sathairn 10ú

Ticéid: £15 - £16.50

Le háit a chur in áirithe: www.eventbrite.co.uk/e/falls-road-mural-tour-tickets 189578754157?aff=oddtdtcreator

Fiosrúcháin: ar 028 9020 0770 nó tours@coiste.com

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 16

10am & 1pm



CEOL DO ALL
CEOL DO CHÁCH

ANDERSONSTOWN SCHOOL OF MUSIC UNIT – KENNEDY CENTRE (BESIDE OMNIPLEX)

Let the Andersonstown School of Music's experienced tutors guide you through the basics, helping you find your rhythm and start making music with "Ceol do All". A series of music taster sessions with a variety of instruments designed for everyone, whether you are a complete beginner or interested in trying a new instrument.

All dates: 1st, 2nd, 8th, 9th & 10th August

Tickets: £5 per session, £8 for full day, £40 all sessions

Book: www.andersonstownmusicschool.com

Enquiries: Laoise Curtis: atownmusicschool@gmail.com / 028 9043 4894

IONAD SCOIL CHEOIL BHAILE ANDARSAN – IONAD UÍ CHINNÉIDE (IN AICE LEIS AN OMNIPLEX)

Lig do theagascóirí Scoil Cheoil Bhaile Andarsan a bhfuil taithí acu bheith do do threorú tríd na seisiúin ceoil. Cuideoidh siad leat teacht ar do rithim agus toiseacht ag gabháil cheoil le"Ceol do All". Sraith seisiún ceoil réamhbhlaiste a bheidh ann arna leagan amach do chách, cé acu is nó nach glantosaitheoir thú nó má tá suim agat triail a bhaint as uirlis cheoil nua.

Na dátaí uilig: 1ú, 2ú, 8ú, 9ú & 10ú Lúnasa

Ticéid: £5 an seisiún, £8 don lá iomlán, £40 do na seisiúin go léir

Le háit a chur in áirithe: www.andersonstownmusicschool.com

Fiosrúcháin: Laoise Curtis: atownmusicschool@gmail.com / 02890434894

Repeat event – same time on 1st, 2nd, 8th, 9th & 10th August

10am–12pm



WEST BELFAST LITTLE EXPLORERS
TAISCEÁLAITHE BEAGA IARTHAR BHÉAL FEIRSTE

FALLS PARK OUTDOOR EDUCATION SPACE, FALLS ROAD

Once again, our West Belfast Sure Start Projects bring a feast of child development activities to Féile an Phobail in the beautiful surroundings of the Falls Park outdoor classroom. Activities will include story time, play time and let's explore time. Contact your local Sure Start project for more info.

All dates: Thu 1st, Fri 2nd, Mon 5th, & Tue 6th

In partnership with Sure Starts, BCC Community Outreach Team, Part of Féile's Community Cohesion and Community Engagement Programme

SPÁS OIDEACHAIS ALLAMUIGH PHÁIRC NA BHFÁL, BÓTHAR NA BHFÁL

Beidh Tionscadail Sure Start Iarthar Bhéal Feirste ag reáchtáil féasta gníomhaíochtaí forbartha páistí i rith Féile an Phobail arís. Beidh siad ar siúl i gcomharsanacht álainn rang allamuigh Pháirc na bhFál i mbliana. I measc na ngníomhaíochtaí beidh am scéalaíochta, am súgartha agus am taiscéalaíochta. Déan teagmháil le do thionscadal Sure Start áitiúil chun tuilleadh eolais a fháil.

Na dátaí uilig: Déardaoin 1ú, Dé hAoine 2ú, Dé Luain 5ú & Máirt 6ú

I gcomhar le foireann For-rochtana Pobail CCBF Sure Start. Mar chuid de Chláir Chomhtháthú Pobail agus Rannpháirtíochta Pobail

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 17

12pm–4pm

MINI EXPLORERS SENSORY RAVE

FALLS BOWLING PAVILION, FALLS PARK

Mini ravers needed! Get your dance moves ready for old skool tunes, bubbles, lights, glow sticks, sensory play and lots of fun. Parent supervision required, dancing and fun essential!

Session one: 12pm–12:45pm – Mini Ravers Session: 6 months – 5 years

Session two: 1pm–1:45pm – Sensory Ravers Session: Babies – 12 years

Session three: 2pm–2:45pm – Ravers: Babies – 12 years

Session four: 3pm–3:45pm – Ravers: Babies – 12 years

Ticket: £3. Booking essential, limited spaces available.

Book: https://www.eventbrite.co.uk/e/895263897417?aff=oddtdtcreator

Enquiries: joe@feilebelfast.com

Part of Féile's Community Cohesion and Community Engagement Programme

RÉABH CHÉADFACH NA DTAISCÉALAITHE BEAGA

PAILLIÚN BOLLAÍ NA BHFÁL, PÁIRC NA BHFÁL

Beidh réabhairí beaga de dhíth orainn! Bíodh do ghluaiseachtaí damhsa réidh agat do thiúineanna den seandéanamh, bolgáin, soilse, breobhataí, súgradh céadfach agus a lán spraoi. Beidh ar na tuismitheoirí bheith lena bpáistí ach beidh an damhsa agus an spraoi riachtanach!

Seisiún a haon: 12i.n.–12:45i.n. – Seisiún na Réabhairí Beaga: 6 mhí –5 bliana

Seisiún a dó: 1i.n.–1:45i.n. – Seisiún CÉADFACH na Réabhairí: Leanaí – 12 bliana

Seisiún a trí: 2i.n.–2:45i.n. – Réabhairí: Leanaí – 12 bliana

Seisiún a ceathair: 3i.n.–3:45i.n. – Réabhairí: Leanaí – 12 bliana

Ticéid: £3 Beidh áirithintí riachtanach. Beidh spásanna teoranta ar fáil.

Le háit a chur in áirithe: https://www.eventbrite.co.uk/e/895263897417?aff=oddtdtcreator

Fiosrúcháin: joe@feilebelfast.com

Mar chuid de Chláir Chomhtháthú Pobail agus Rannpháirtíochta Pobail Féile an Phobail

12pm

BILINGUAL FAMILY STORYTIME WITH MUSIC

WHITEROCK LIBRARY, WHITEROCK ROAD

Join talented storyteller Aodán 'Jaff' Mac Séafraidh to celebrate this year's Féile with stories and music in English and Irish. Jaff is a versatile teller of traditional stories and new story creations. As an uilleann piper, Jaff's myths, legends, and fairy lore are interwoven with traditional music. Suitable for children aged 4+. Under 8's must be accompanied by an adult. Suitable for both Irish and English speakers.

Book: 028 9050 9236 / whiterock.library@librariesni.org.uk

Supported by the Armstrong Storytelling Trust

AM SCÉALAÍOCHTA TEAGHLAIGH

LEABHARLANN NA CARRAIGE BÁINE, BÓTHAR NA CARRAIGE BÁINE

Tar agus éist leis an scéalaí tallannach Aodán 'Jaff' Mac Séafraidh ag insint scéalta agus ag gabháil cheoil i nGaeilge agus i mBéarla le Féile na bliana seo a cheiliúradh. Is scéalaí ildánach scéalta traidisiúnta agus nuachumtha é Jaff. Mar phíobaire uilleann, tá miotais, finscéalta, agus síscéalta Jaff fite fuaite le ceol traidisiúnta. Fóirsteanach do pháistí 4+. Ní mór do dhuine fásta bheith in éineacht le páiste faoi 8 mbliana d'aois. Fóirsteanach do Ghaeilgeoirí agus do Bhéarlóirí ar aon.

Le háit a chur in áirithe: 028 9050 9236 / whiterock.library@librariesni.org.uk

Tacaithe ag Iontaobhas Scéalaíochta Armstrong

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 18

1pm

WILL WE VOTE WITH THE HEART OR HEAD IN A BORDER POLL?

AN VÓTÁLFAIDH MUID LENÁR GCROÍTHE NÓ LENÁR N-INTINNÍ I BPOBALBHREITH AR AN TEORAINN?



ST MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

In a Border Poll vote will people be driven more by emotions and national identity or by social, economic factors and the pound in their pocket? We debate whether pragmatic financial considerations really trump issues of sovereignty? And ask – will we vote with heart or head in a Border Poll?

Chaired by Kevin Rooney. Panellists: Alex Kane, Andrée Murphy, Kevin Meagher and Ben Collins

Free event. No booking required.

Organised by irishborderpoll.com

COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

An mbeidh daoine faoi thionchar a mothúchán agus a bhféiniúlachta náisiúnta níos mó ná faoi thionchar na bhfachtóirí sóisialta, geilleagracha agus an phuint ina bpóca? Beidh muid ag plé cé acu a bheidh nó nach mbeidh machnaimh airgeadais phragmatacha níos tábhachtaí ná ceisteanna an cheannais agus cuirfidh muid an cheist - an vótálfaidh muid lenár gcroíthe nó lenár n-intinní i bPobalbhreith ar an teorainn?

Cathaoirleach: Kevin Rooney. Painéalaithe: Alex Kane, Andrée Murphy, Kevin Meagher agus Ben Collins

Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

Eagraithe ag irishborderpoll.com

2pm



BLINNE NÍ GHRÁLAIGH IN CONVERSATION WITH PÁDRAIG Ó MUIRIGH

BLINNE NÍ GHRÁLAIGH I GCOMHRÁ LE PÁDRAIG Ó MUIRIGH

ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Blinne Ní Ghrálaigh is a world-renowned Irish barrister who specialises in international law and human rights. Her recent damning presentations to the International Court of Justice in South Africa's genocide claim against Israel reverberated around the globe as she described Israel's attacks on Gaza as 'the first genocide in history where its victims are broadcasting their own destruction in real time, in the desperate – so far vain – hope that the world might do something.' Blinne will discuss her prior legal career, including her involvement in the Bloody Sunday Inquiry and in other legacy cases in the north of Ireland.

Free event. No booking required.

Organised by Féile's Debates and Discussions Committee

COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Is abhcóide Éireannach í Blinne Ní Ghrálaigh atá clúiteach ar fud an domhain agus a bhfuil speisialtóireacht aici sa dlí idirnáisiúnta agus i gcearta an duine. Leath na cuir i láthair cháinteacha a rinne sí don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, agus an Afraic Theas ag maíomh go ndearna Iosrael cinedhíothú, ar fud an domhain nuair a rinne sí cur síos ar ionsaithe Iosrael ar Ghaza mar 'an chéad chinedhíothú sa stair mar a bhfuil a íospartaigh ag craoladh a scriosta féin i bhfíor-am, agus dóchas géar acu, in aisce go dtí seo, go ndéanfadh an domhan rud éigin faoi.' Pléifidh Blinne a slí bheatha dhleathach roimhe seo, a rannpháirteachas i bhFiosrúchán Dhomhnach na Fola agus sna hionchoisní stairiúla i dtuaisceart na hÉireann san áireamh.

Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

Eagraithe ag Coiste Plé agus Díospóireachtaí Féile an Phobail

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 19

3pm







Ireland's Future
Todhchaí na hÉireann

IRELAND'S FUTURE

THE FUTURE BELONGS TO US ALL
IS LINNE GO LÉIR Í AN TODHCHAÍ

ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Ireland's Future was formed in 2019 to create space for people to freely discuss the constitutional future of the island of Ireland. A border poll on Irish unity is closer now than it has ever been before. Ireland's Future believes a new Ireland must be a country that values and cherishes all of its people equally. Rev Karen Sethuraman, Stephen McCann and Professor Colin Harvey will discuss the importance of a shared and equal future in a new, changing and united Ireland. Chair: Claire Hackett.

Organised by Ireland's Future

COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Bunaíodh Ireland's Future in 2019 le spás a chruthú do dhaoine todhchaí bhunreachtúil oileán na hÉireann a phlé go hoscailte. Tá pobalbhreith ar an teorainn níos cóngaraí anois ná mar a bhí sé riamh roimhe. Creideann Ireland's Future go gcaithfidh Éire nua bheith ina tír a mbeidh meas aici ar agus ar mór aici a muintir go cothrom. Beidh an tOirmhinneach Karen Sethuraman, Stephen McCann agus an tOllamh Colin Harvey ag plé tábhacht na comhthodhchaí comhroinnte in Éirinn nua, athaontaithe a bhíonn ag athrú. Cathaoirleach: Claire Hackett.

Eagraithe ag Ireland's Future



SCAN HERE

or visit www.feilebelfast.com for full Trad Trail details

FÉILE TRAD TRAIL

CONAIR CHEOIL THRAIDISIÚNTA FÉILE

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 20

3pm



REDEDICATION OF PATRICK O'CONNELL MURAL

SEARMANAS ATIOMNAITHE MHÚRPHICTIÚR PATRICK O'CONNELL

BOTTOM OF WHITEROCK ROAD

This mural showcases the remarkable life of Patrick O' Connell, his connection to Belfast Celtic and some of the biggest soccer clubs in the world. Often referred to as 'The man who saved Barcelona', this forms the basis of a new multi-cultural and international consortium including Fáilte Feirste Thiar, FC Barcelona, Visit Catalonia, Stevens & Associates and EPIC Museum Dublin that will bring forward an ambitious program of events to celebrate this great man. The mural will be unveiled by a representative of La Liga Spanish football league and Jordi Penas, Museum Director at FC Barcelona.

Free event. No booking required.

Enquiries: eimear@visitwestbelfast.com


BUN BHÓTHAR NA CARRAIGE BÁINE

Léireoidh an múrphictiúr seo saol fíorspéisiúil Patrick O' Connell, an ceangal atá aige le Ceiltigh Bhéal Feirste agus le cuid de na clubanna sacair is mó ar an domhan. Is minic a dhéantar tagairt dó mar 'The man who saved Barcelona'. Is é seo bunús an chuibhreannais nua ilchultúrtha agus idirnáisiúnta ina bhfuil Fáilte Feirste Thiar, FC Barcelona, Visit Catalonia, Stevens & Associates agus Iarsmalann EPIC i mBaile Átha Cliath, a chuirfidh clár imeachtaí uaillmhianach i láthair chun an fear iontach seo a cheiliúradh. Nochtfaidh ionadaí ó shraith peile La Liga na Spáinne agus Jordi Penas, Stiúrthóir na hIarsmalainne ag FC Barcelona, an múrphictiúr.

Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

Fiosrúcháin: eimear@visitwestbelfast.com

3pm



UNCIVIL WAR: THE BRITISH ARMY AND THE TROUBLES, 1966–1975

ST MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

When Operation Banner was launched in 1969 the British army acted supposedly to save Great Britain from disaster but in so doing, condemned the people of the North of Ireland to protracted, grinding conflict. The army's ambivalent response to loyalist violence undermined the prospects for peace and heightened Catholic distrust in the state. By 1975 military strategists considered the conflict unresolvable and settled instead for an unending war. Huw Bennett will give a talk about his book.

Free event. No booking required.

Organised by Féile's Debates and Discussions Committee

COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Nuair a seoladh Operation Banner in 1969 ghníomhaigh arm na Breataine in ainm a bheith ag sábháil na Breataine Móire ó thubaiste ach nuair a rinne sé é ba chúis é leis an choimhlint anróiteach i bhí i ndán do mhuintir Thuaisceart na hÉireann a mhair tamall fada. Bhain freagairt dhébhríoch an airm d'fhoréigean na ndílseoirí an bonn ó na dóchais don tsíocháin agus mhéadaigh sí amhras na gCaitliceach sa stát. Faoi 1975 mheas straitéisithe míleata go raibh an choimhlint gan réiteach agus ghlac siad le cogadh gan deireadh ina háit. Beidh Huw Bennett ag caint faoina leabhar nua.

Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

Eagraithe ag Coiste Plé agus Díospóireachtaí Féile an Phobail

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 21

5pm



THE JAMES CONNOLLY LECTURE WITH MICK LYNCH

LÉACHT SHÉAMAS Ó CONGHAILE LE MICK LYNCH



ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

We are excited to welcome General Secretary of the National Union of Rail, Maritime and Transport Workers (RMT), Mick Lynch, to give this year's esteemed James Connolly Lecture. One of the most recognisable Trade Union leaders in Britain, Mick Lynch has championed the rights of workers and the teachings of James Connolly at home and right across the world.

Free event. Doors open approximately 30mins prior to start of event. Seating allocated on a first come first served basis. Due to the high demand for this event overspill rooms with live feed may be used. No guaranteed entry if main hall and overspill rooms all reach capacity.

Enquiries: info@arasuichonghaile.com

COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Tá sceitimíní orainn fáilte a chur roimh Ard-Runaí Cheardchumann Náisiúnta na nOibrithe Iarnróid, Muirí agus Iompair (RMT), Mick Lynch, Léacht Shéamas Ó Conghaile ardmheasúil a dhéanamh i mbliana.

Tá Mick Lynch ar dhuine de na ceannairí ceardchumainn is so-aitheanta sa Bhreatain, a throid ar son chearta oibrithe agus thacaigh le teagasc Shéamais Uí Chonghaile sa bhaile agus ar fud fad an domhain.

Imeacht saor in aisce. Osclófar na doirse thart ar 30 nóiméad roimh thús an imeachta. Tiocfaidh do sheal chun suíochán a fháil mar a thiocfaidh tú féin. Mar gheall ar an ráchairt mhór a bheidh ar an imeacht seo d'fhéadfadh seomraí le fotha beo d'aon fharasbarr daoine a úsáid. Ní bheidh aon chinnteacht ann go ligfear isteach daoine má bhíonn an príomh-halla agus na seomraí d'aon fharasbarr daoine uilig lán go doras.

Fiosrúcháin: info@arasuichonghaile.com

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 22

6pm



IRELAND'S NEXT TOP CHEF GRAND FINAL

BALMORAL HOTEL BELFAST, BLACKS ROAD

Ireland's Next Top Chef is a competition with the goal of encouraging growth of the talent pool within the hospitality industry.

The Grand Final event promises an evening of fine dining and drinks, while guests witness the excitement of the competition live streamed from the kitchen of the Balmoral Hotel. Cheer on the three talented finalists as they compete for the coveted title of Ireland's Next Top Chef 2024.

Tickets: Tickets available from July

Visit www.irelandsnexttopchef.com for up-to-date information

Enquires: marketing@balmoralhotelbelfast.co.uk

COMÓRTAS CEANNAIS DON CHÉAD SCOTHCHÓCAIRE EILE IN ÉIRINN

ÓSTÁN BHAILE MHOIREIL, BÓTHAR MHIC GIOLLA DHUIBH, BÉAL FEIRSTE

Is comórtas é An Chéad Scothchócaire Eile in Éirinn a bhfuil sprioc aige fás bhuíon an tallainn i dtionscal an fháilteachais a spreagadh.

Dealraíonn an Babhta Ceannais gur oíche de scoth an bhia agus na ndeochanna a bheas ann. Beidh na haíonna ábalta amharc ar chorraitheacht an chomórtais agus é á shruthú beo ó chistin Óstán Baile Mhoireil. Spreag an triúr tallannach sa bhabhta ceannais agus iad ag dul in iomaíocht a chéile leis an chomórtas don Chéad Scothchócaire Eile in Éirinn 2024 a bhaint.

Ticéid: Beidh ticéid ar fáil ó mhí Iúil

Tabhair cuairt ar www.irelandsnexttopchef.com le heolas suas chun dáta a fháil

Fiosrúcháin: marketing@balmoralhotelbelfast.co.uk

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 23

6pm-9pm



SLÍ NA SÍ

FALLS PARK, FALLS ROAD

Step into the world of the fairies or 'na daoine maithe' on this magical fairy trail experience where you will meet the Tuatha Dé Danann – the magical and mythical fairy people of Ireland. The children will collect 'offerings' on their journey which they will leave under the fairy tree gaining them access to 'the otherworld' where children can dance to traditional music, join arts and crafts workshops and take part in traditional games.

Tickets: £2 per child. Various time slots available for both Thu 1st & Wed 7th August

Book: https://www.eventbrite.co.uk/e/927210520627?aff=oddtdtcreator

Part of Féile's Community Cohesion and Community Engagement Programme, in partnership with Conradh na Gaeilge

PÁIRC NA BHFÁL, BÓTHAR NA BHFÁL

Tabhair cuairt ar dhomhan 'na ndaoine maithe', ar an chonair sí dhraíochtúil seo mar a mbuailfidh tú leis na Tuatha Dé Danann; síoga draíochtúla agus miotasacha na hÉireann. Baileoidh na páistí 'tabhartais' ar a dturas agus fágfaidh siad iad faoin chrann sí a ligfidh dóibh dul isteach sa 'domhan eile' mar ar féidir le páistí damhsa le ceol traidisiúnta, páirt a ghlacadh sna ceardlanna ealaíon agus ceardaíochta agus i gcluichí traidisiúnta.

Ticéid: £2 an páiste. Beidh amanna éagsúla ar fáil don Déardaoin 1ú agus don Chéadaoin 7ú Lúnasa

Le háit a chur in áirithe: https://www.eventbrite.co.uk/e/927210520627?aff=oddtdtcreator

Mar chuid de Chláir Chomhtháthú Pobail agus Rannpháirtíochta Pobail Féile an Phobail, i gcomhar le Conradh na Gaeilge



SCAN HERE

or visit www.feilebelfast.com for full Trad Trail details

FÉILE TRAD TRAIL

CONAIR CHEOIL THRAIDISIÚNTA FÉILE

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 24

6pm



CLIMATE JUSTICE NOW
CEARTAS AERÁIDE ANOIS

ST MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Join Trócaire to hear from Ineza Umuhoza Grace, a young climate activist from Rwanda sharing her work to fight for climate justice. The event will also launch the Climate Justice Now! photo exhibition which captures the impact of the climate crisis and the activists fighting for justice.

Free event. No booking required.

Organised by Trócaire

COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Bí le Trócaire chun éisteacht le Ineza Umuhoza Grace, gníomhaí aeráide óg ó Ruanda a labharfaidh faoina cuid oibre agus í ag troid le ceartas aeráide a bhaint amach. Seolfar taispeántas grianghrafanna Climate Justice Now! ag an imeacht seo a léireoidh éifeacht na géarchéime aeráide agus na gníomhaithe atá ag troid le ceartas aeráide a bhaint amach.

Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

Eagraithe ag Trócaire

6:30pm-9pm



COLIN COLOUR RUN & FUN DAY
RITH ILDAITE AGUS LÁ SPRAOI CHOLLANN

MEETING POINT: CHRIST THE REDEEMER PRIMARY SCHOOL, LAGMORE DRIVE

Join Lagmore Youth Project in their annual Colour Run from Lagmore to Páirc Nua Chollan. See the Stewartstown Road become a wash of colour as participants make their way along the road dressed in crazy & wacky costumes, fun for all the family to participate in, its not a race just pure fun.

The colour run starts at Christ the Redeemer Primary School and finishes at Pairc Nua Chollain

Ticket: £6

Book: www.lagmore.com/colourrun

Enquires: vincent@lagmore.com or 07761 757 272

ÁIT CHOINNE: BUNSCOIL CHRÍOST AN SLÁNAITHEOIR. CORRÁN AN LÁIG MHÓIR

Bí le Tionscadal Óige an Laig Mhóir agus glac páirt ina Rith Ildaite ón Lag Mhór go Páirc Nua Chollann. Feic ar cé chomh hildaite agus a bheidh Bóthar Stíobhaird, agus na rannpháirtithe ag rith ar an bhóthar agus iad gléasta i bhfeistis chraiceáilte. Beidh spraoi ann don teaghlach uilig le páirt a ghlacadh iontu. Ní rás é ach imeacht lánfhíorspraoi a bheas ann.

Tosóidh an rith ildaite ag Bunscoil Chríost an Slánaitheoir agus críochnóidh sí ag Páirc Nua Chollann

Ticéid: £6

Le háit a chur in áirithe: www.lagmore.com/colourrun

Fiosrúcháin: vincent@lagmore.com or 07761757272

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 25

7pm

NI COMEDY & FEILE PRESENT

MICKY BARTLETT AND FRIENDS



THE DEVENISH BELFAST

1ST AUGUST

Féile an Phobail
IRELAND'S BIGGEST COMMUNITY ARTS FESTIVAL
2024

VALUE CABS
(028)
90 80 90 80

TICKETS ON SALE FROM NICOMEDY.COM

THE DEVENISH
BELFAST

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:34 Page 26

7pm

ISRAEL'S WAR CRIMES IN GAZA: PROFESSOR GHASSAN ABU-SITTA AND FRANCESCA ALBANESE, UN SPECIAL RAPPORTEUR

COIREANNA COGAIDH IOSRAEL I NGAZA: AN TOLLAMH GHASSAN ABU-SITTA AGUS FRANCESCA ALBANESE, RAPÓIRTÉIR SPEISIALTA NA NA





ST MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

'Moving, funny, brave and original'- Roísín Ingle, *Irish Times*. 'One of the best books I've read about the complexities of poverty . . . one of the most remarkable people you will ever meet' – *Guardian.* 'Heroic' – *BBC Woman's Hour*.



Jan Carson's critically acclaimed writings explore themes related to identity, place and belonging, but also to angst and alienation, in such works as *The Fire Starters* (winner EU Prize for Literature, 2019) and *The Raptures*. She is also very funny! About her latest collection of short stories, *Quickly, While They Still Have Horses*, the *Irish Times* said: 'Long after the reader has closed the book, these tales linger in the mind: vivid, original and moving.

Pléann scríbhneoireachtaí **Jan Carson**, a fuair moladh ó na léirmheastóirí, téamaí a bhaineann le féiniúlacht, le háiteanna, le muintearas, ach le himní agus le coimhthíos chomh maith, i saothair dá cuid amhail *The Fire Starters* (buaiteoir Dhuais Litríochta an AE, 2019) agus *The Raptures*. Bíonn sí iontach greannmhar fosta! Mhaígh an *Irish Times* faoina bailiúchán gearrscéalta is déanaí, *Quickly, While They Still Have Horses*,: 'Long after the reader has closed the book, these tales linger in the mind: vivid, original and moving.'



In *Irish Pints* **Ali Dunworth** delves into the culture, customs and *craic* surrounding pints in Ireland, from pints for celebrations, weddings and funerals, festival pints, quiet pints, crisps and pints and everything in between, including 'rounds'. Ali is a freelance food, drink and travel writer and her work has appeared in the *Irish Times* and *Food & Wine Magazine*. She has also worked on 'Saturday Kitchen', 'Great British Menu' and Nigella Lawson's television series.

In *Irish Pints* déanann **Ali Dunworth** iniúchadh ar an chultúr, ar na nósanna agus ar an *chraic* a bhaineann le piontaí in Éirinn, ó phiontaí do cheiliúrthaí, do bhainiseacha, do shochráidí agus d'fhéilte go piontaí ciúine, brioscáin phrátaí agus piontaí agus gach rud eatarthu, 'sealanna' san áireamh. Is saorscríbhneoir bia, deochanna agus taistil Ali agus bhí a saothair le léamh san *Irish Times* agus in *Food & Wine Magazine*. D'oibrigh sí ar 'Saturday Kitchen', 'Great British Menu' agus ar shraith teilifíse Nigella Lawson chomh maith.

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 168

5pm



BORDERLANDS
TAILTE CRÍCHE

ST MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Joe Austin in conversation with Former Presbyterian Moderators, the Very Reverend John Dixon and the Very Reverend Roy Patton. John and Roy were born on the southern end of the Monaghan, Cavan, Fermanagh border. They will explore life and its challenges for those caught on the wrong side of the border at partition.

Bilingual – suitable for both Irish and English speakers

Free event.

Register: jake@forbairtfeirste.com

Organised by Forbairt Feirste

COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Beidh comhrá ag Joe Austin le daoine de na hiarMhodhnóirí Preispitéireacha, An Fíor-Oirmhinneach John Dixon agus an Fíor-Oirmhinneach Roy Patton. Rugadh John agus Roy ar an taobh dheisceartach de theorainn Mhuineacháin, an Chabháin agus Fhear Manach. Scrúdóidh siad an saol agus a dhúshláin do na daoine sin a chónaíonn ar an taobh mhícheart den teorainn ó tharla an chríochdheighilt.

Dátheangach – fóirsteanach do Ghaeilgeoirí agus do Bhéarlóirí araon

Imeacht saor in aisce.

Le clárú: jake@forbairtfeirste.com

Eagraithe ag Forbairt Feirste

7pm



GAELS LE CHÉILE IN CONVERSATION WITH PAUL GALVIN & ASHLING THOMPSON

GAELS LE CHÉILE I GCOMHRÁ LE PAUL GALVIN & ASHLING THOMPSON

GAELS LE CHÉILE

CASEMENT SOCIAL CLUB (ST AGNES' PARISH HALL)

In May 2021, a group of grassroots GAA members penned a letter to An Taoiseach asking him to begin planning for Irish Unity by establishing an all-island Citizen's Assembly. This has now been endorsed by tens of thousands of Gaels the length and breadth of Ireland. Gaels who have been a part of this evolving campaign will discuss the unique role that Gaels can play in planning and preparing for constitutional change alongside other contemporary issues affecting Gaels. Bígí linn!

Free event. No booking required.

Organised by Gaels Le Chéile

CUMANN SÓISIALTA MHIC ÁSMAINT (HALLA PARÓISTE NAOMH ÚNA)

I mí Bealtaine 2021, scríobh baill ghnáthphobail an CLG litir chuig An Taoiseach ag iarraidh air tús a chur leis an phleanáil d'Athaontú na hÉireann, agus Tionól Saoránach uile-oileáin a bhunú. Tá tacaíocht tugtha anois ag na deicheanna de mhílte Gael ó fud fad na hÉireann dóibh seo.

Pléifidh Gaeil a bhí páirteach san fheachtas fhorásach seo, an ról uathúil is féidir a bheith ag Gaeil sa phleanáil agus sna hullmhúcháin don athrú bunreachtúil seo agus sna ceisteanna comhaimseartha eile a bhfuil tionchar acu ar Ghaeil. Bígí linn!


Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

Eagraithe ag Gaels Le Chéile

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 169

7pm

CEASEFIRE 30 SOS COGAIDH 30



JAMES CONNOLLY VISITOR CENTRE, FALLS ROAD

Journalist and author Brian Rowan will open his files and press play on some old tapes, as we remember the historic ceasefire announcements of 1994. This in-conversation event will look at the learning of the past 30 years, and ask how we might share that with others.

Free event.

Register: info@arasuichonghaile.com

Enquires: info@arasuichonghaile.com

ÁRAS UÍ CHONGHAILE, BÓTHAR NA BHFÁL

Osclóidh an t-iriseoir agus t-údar, Brian Rowan, a chomhaid agus seinnfidh sé seantéipeanna, agus muidne ag cuimhniú ar na fógraí sosa chogaidh stairiúla a tharla in 1994. San imeacht comhrá seo pléifidh muid an méid a foghlaimíodh thar 30 bliain anuas agus cuirfidh muid ceist orainn féin faoin dóigh a bhféadfadh muid sin a roinnt le daoine eile.

Imeacht saor in aisce.

Le clárú cuir ríomhphost chuig: info@arasuichonghaile.com

Fiosrúcháin: info@arasuichonghaile.com

7pm

UPPA DUFF...

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH, FALLS ROAD

See Page 126 for full events details.

UPPA DUFF...

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH, BÓTHAR NA BHFÁL

Féach leathanach 126 le tuilleadh sonraí a fháil.

7:30pm



DIARMUID LYNG IN CONVERSATION WITH TOMAÍ Ó CONGHAILE | DIARMUID LYNG I GCOMHRÁ LE TOMAÍ Ó CONGHAILE

GAELIONAD MHIC GOLL, GLÓR NA MÓNA

Diarmuid is former Hurling Captain of Wexford County team. After 7 years based in Kerry Gaeltacht, he moved to Kilkenny where he teaches Irish in Scoil Steiner. He organises Gaelic Retreats based on re-wilding through Irish named 'Wild Irish Retreats'. He organises men's retreats and retreats for sporting teams to deepen connections to themselves, and their team and native place. Tomaí Ó Conghaile is the founder of Nosmag Irish language magazine and a well-known TV presenter who is currently based in Brussels as a professional translator.

Event in Irish with simultaneous translation available

Free event. Booking essential.

Book: https://www.eventbrite.com/e/diarmuid-lyng-i-gcomhra-in-conversation-tickets-927277882107

Enquires: eoghan@glornamona.com

GAELIONAD MHIC GOILL, GLÓR NA MÓNA

Is iarChaptaen fhoireann iománaíochta Chontae Loch Garman é Diarmuid. I ndiaidh dó bheith lonnaithe i nGaeltacht Chiarraí le 7 mbliana, bhog sé go Cill Chainnigh mar a múineann sé an Ghaeilge i Scoil Steiner. Eagraíonn sé tearmainn Ghaelacha bunaithe ar an fhiáin trí mheán na Gaeilge darb ainm 'Wild Irish Retreats'. Eagraíonn sé tearmainn d'fhir agus d'fhoirne spóirt chun na ceangail leo féin, lena bhfoireann agus lena n-áiteanna dúchais a thuiscint níos fearr. Is bunaitheoir Nosmag, iris Ghaeilge, agus láithreoir teilifíse clúiteach é Tomaí Ó Conghaile atá ina chónaí sa Bhruiséil faoi láthair agus é ag obair ann mar aistritheoir gairmiúil.

Beidh an t-imeacht seo i nGaeilge ach beidh aistriúchán comhuaineach ar fáil


Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

Le háit a chur in áirithe: https://www.eventbrite.com/e/diarmuid-lyng-i-gcomhra-in-conversation-tickets-927277882107

Fiosrúcháin: eoghan@glornamona.com

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 170

7:30pm



KABOSH PRESENTS | CUIRFIDH KABOSH

'FEVER' BY | AG NICOLA MCCARTNEY AND | AGUS 'THIRD PERSON IN OUR MARRIAGE' BY LAURENCE KEOWN I LÁTHAIR

BLACK MOUNTAIN SHARED SPACE, SPRINGFIELD ROAD

Two explosive short dramas. Fever examines the devastating impact of anti-social behaviour, challenging perceptions of class and the role of community justice. In Third Person, a husband and wife are having a seemingly domestic conversation but there is a third person in the room - it asks if there is a timeline to victimhood.

The performance will be followed by a discussion

Tickets: £5

Book: https://www.eventbrite.co.uk/e/927276006497?aff=oddtdtcreator

Enquires: lizzie@kabosh.net

SPÁS COMHROINNTE AN TSLÉIBHE DHUIBH, BÓTHAR CHLUANAÍ

Dhá ghearrdhráma teasaí. Déanann Fever iniúchadh ar éifeacht mhillteanach an iompair fhrithshóisialta agus tugann sé dúshlán na dtuairimí ar aicme agus ar ról cheartas an phobail. In Third Person, tá comhrá ag dul ar aghaidh idir fear céile agus a bhean chéile sa bhaile de réir dealraimh, ach tá an tríú pearsa sa seomra – cuireann sé an cheist, an bhfuil amlíne ann d'íospartaigh?.

Beidh díospóireacht ann i ndiaidh an taibhithe

Ticéid: £5

Le háit a chur in áirithe: https://www.eventbrite.co.uk/e/927276006497?aff=oddtdtcreator

Fiosrúcháin: lizzie@kabosh.net

8pm

ANTHEM FOR DISSATISFACTION

RODDY MCCORLEY HERITAGE CENTRE, GLEN ROAD

See Page 27 for full events details.

ANTHEM FOR DISSATISFACTION

IONAD OIDHREACHTA RODAÍ MAC CORLAÍ, BÓTHAR AN GHLEANNA

Féach leathanach 27 le tuilleadh sonraí a fháil.

Féile an Phobail
IRELAND'S BIGGEST COMMUNITY ARTS FESTIVAL
2024
www.feilebelfast.com

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 171



NEW SIGNATURE WORKWEAR BUNDLE

The Signature Works®

ONLY £125 Inc. VAT

includes **FREE** embroidery set-up

5 x Polo Shirts

2 x Hoodies OR 3 Sweatshirts

1 x Softshell Jacket

Plus 1 x Beanie

Range of colour options • Ladies fit available

Contact us NOW!!

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 172



PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 173

ConnectedHealth

Become a Local Hero

Care for others in your Community

£££
Competitve Pay Rates

£200
Sign Up Bonus This Month

No Experience No Problem
Accredited Training Provided




Apply Today

T: 028 9032 9777

W: connected-health.co.uk/jobs

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 174







A PART OF THE COMMUNITY SINCE 1900

St Mary's
University College
Belfast
A College of Queen's University

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 175



We're helping over 16,000 members save, borrow and get the most out of their money. Join us today.

028 9061 5669

sagcreditunion.co.uk

info@sagcreditunion.co.uk

Enjoy Féile an Phobail!

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 176

10am

THE JOINT FALLS / SHANKILL TOUR

MEETING POINT: COISTE'S MURAL, DIVIS TOWER, DIVIS STREET

See Page 33 for full events details.

COMHTHURAS DE CHEANTAR NA BHFÁL/ NA SEANCHILLE

ÁIT CHOINNE: MÚRPHICTIÚR COISTE, TÚR DHUBHAISE, SRÁID DHUBHAISE

Féach leathanach 33 le tuilleadh sonraí a fháil.

10:15am



PRISONERS' DAY

LÁ NA NIARCHIMÍ

FELONS CLUB, FALLS ROAD

The annual Coiste Prisoners' Day event aims to update its audience on issues important to the ex-POW community. This year will include an exhibition from 10:15am and an opening introduction from Michael Culbert at 11am focusing on the 60th Anniversary of the establishment of the Felons; 50th Anniversary of the Burning of Long Kesh, including the killing of Hugh Coney; and the 30th Anniversary of the Cessation of IRA Military Operations. Following lunch there will be panel discussion at 1:30pm looking at the history of imprisonment, comparing the similarities between the Irish and Palestinian prison struggle, followed by Q&A.

Lunch provided.

Free event. No booking required.

CUMANN NA MEIRLEACH, BÓTHAR NA BHFÁL

Bíonn sé mar aidhm ag Lá na nIarchimí bliantúil an t-eolas is déanaí a thabhairt dá lucht éisteachta ar cheisteanna atá tábhachtach do phobal na n-iarchimí. I mbliana, beidh taispeántas ann ó 10:15r.n. agus déanfaidh Michael Culbert an intreoir ar 11r.n. a dhíreoidh ar an 60ú Bliain Cheiliúrtha ar bhunú Chumann na Meirleach; an 50ú Bliain ó Dódh an Cheis Fhada; dúnmharú Hugh Coney ina measc; agus an 30ú Bliain ó chuir an tIRA deireadh lena Oibríochtaí Míleata. I ndiaidh lóin beidh díospóireacht phainéil ar 1:30i.n. a phléifidh agus a scrúdóidh stair na príosúnachta, agus déanfaidh siad comparáid idir an streachailt phríosúin in Éirinn agus sa Phalaistín, a gcosúlachtaí san áireamh. Beidh seisiún C&F ann ina dhiaidh.

Cuirfear lón ar fáil.

Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 177

10am & 1pm

CEOL DO ALL

ANDERSONSTOWN SCHOOL OF MUSIC UNIT – KENNEDY CENTRE (BESIDE OMNIPLEX)


See Page 16 for full events details.

CEOL DO ALL

IONAD SCOIL CHEOIL BHAILE ANDARSAN – IONAD UÍ CHINNÉIDE (IN AICE LEIS AN OMNIPLEX)

Féach leathanach 16 le tuilleadh sonraí a fháil.

10:30am



THE JAMES CONNOLLY HERITAGE TRAIL

CONAIR OIDHREACHTA SHÉAMAS Ó CONGHAILE

MEETING POINT: FRONT ENTRANCE OF BELFAST CITY HALL

Immerse yourself in Connolly's Belfast on the James Connolly Heritage Trail. Trace Connolly's steps across Belfast, beginning at City Hall and ending at Áras Uí Chonghaile on the Falls Road. Guided by our ground-breaking augmented reality app you'll be transported back in time to bring Connolly's Belfast to life.

Tickets: £15

Book: www.arasuichonghaile.com/heritagetrail/

Enquires: info@arasuichonghaile.com

ÁIT CHOINNE: PRÍOMHBHEALACH ISTEACH HALLA CATHRACH BHÉAL FEIRSTE

Bí do do thumadh féin i mBéal Feirste an Chonghailigh agus i gConair Oidhreachta Shéamas Ó Conghaile. Lean do bhealach ar rian Uí Chonghaile ar feadh Bhéal Feirste, ag toiseacht ag Halla na Cathrach agus ag críochnú ag Áras Uí Chonghaile ar Bhóthar na bhFál. Is turas siúil treoraithe é seo a dtacaíonn ár n-aip réaltachta breisithe cheannródaíoch leis. Beidh sí seo do do thabhairt siar in am le Béal Feirste Uí Chonghaile a léiriú duit.

Ticéid: £15

Le háit a chur in áirithe: www.arasuichonghaile.com/heritagetrail/

Fiosrúcháin: info@arasuichonghaile.com

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 178

12pm





FÉILE'S INTERNATIONAL DAY

LÁ IDIRNÁISIÚNTA FÉILE



CELEBRATING INTERNATIONAL DAY OF THE WORLD'S INDIGENOUS PEOPLE WITH OUR FOOD FAYRE, LIVE MUSIC AND DANCE | AG CEILIÚRADH LÁ IDIRNÁISIÚNTA DHAOINE DÚCHASACHA AN DOMHAIN LENÁR N-AONACH BIA BLIANTÚIL MAR AON LE CEOL AGUS RINCE BEO

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 179

12pm



CONWAY MILL ATRIUM, CONWAY STREET

Our newcomer and ethnic minority communities deliver an exciting cultural experience with food, music, dance and art. Featuring foods from Syria, Palestine, Poland, Albanian, Greece, Nigeria, Mongolian, Ireland and China. A wide range of diverse multi-cultural music and dance will be showcased from our community partner Beyond Skin.

Free event. No booking required.

NB: Free food portions will be served as samples and not full meals

In partnership with Beyond Skin, the Whiterock Children's Centre, West Belfast Round Table, Springvale Training, Homeplus NI, Yallaa Social Enterprise

Part of Féile an Phobail's Community Engagement and Youth Arts Programmes

Supported by The Executive Office, T:BUC (Together Building United Communities) Good Relations

AITRIAM MHUILEANN MHIC CON MIDHE, SRÁID MHIC CON MIDHE

Cuirfidh ár bpobail nua agus mionlaigh eitnigh eispéireas cultúrtha i láthair le bia, ceol, rince agus ealaín. Beidh bia ann ón tSiria, ón Phalaistín, ón Pholainn, ón Albáin, ón Ghréig, ón Nigéir, ón Mhongóil, ó Éirinn agus ón tSín. Beidh réimse leathan éagsúil ceoil agus rince ilchultúrtha á dtaibhiú ag ár bpairtnéir pobail, Beyond Skin.

Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

NB: Riarfar na sciartha bia saora mar shamplaí agus chan mar bhéilí iomlána)


I gcomhar le Beyond Skin, Ionad Páistí na Carraige Báine, Round Table Iarthar Bhéal Feirste, Springvale Training, Homeplus NI, Yallaa Social Enterprise

Mar chuid de Chláir Ealaíon Óige agus Rannpháirtíochta Pobail Féile an Phobail

Tacaithe ag Oifig an Fheidhmeannais, T:BUC (Together Building United Communities) Good Relations

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 180

12pm–2:15pm



RUTH ORMSBY: IRELAND AND INTERNATIONAL MEDICAL AID IN THE SPANISH CIVIL WAR

RUTH ORMSBY: ÉIRE AGUS CÚNAMH LEIGHIS I GCOGADH CATHARTHA NA SPÁINNE

SHANKILL ROAD LIBRARY, SHANKILL ROAD

Ruth Ormsby, a nurse from Sligo, served with a ground-breaking medical unit which formed part of the International Brigades fight against Fascism in Spain (1936–39). Medics from all over Ireland, including Belfast, were part of this largely unexplored aspect of the Spanish Civil War. Guest speaker: Johnny Grogan, filmmaker and novelist.

A light lunch will be provided at 12.00pm and a flower laying ceremony will take place after the meeting at the International Brigade Memorial, Writer's Square.

Free event. No booking required.

Enquires: lyndaernest@btinternet.com

LEABHARLANN BHÓTHAR NA SEANCHILLE, BÓTHAR NA SEANCHILLE

Rinne Ruth Ormsby, banaltra ó Shligeach, seirbhís le haonad leighis ceannródaíoch a bhí mar chuid de throid na Briogáide Idirnáisiúnta in aghaidh an Fhaisisteachais sa Spáinn (1936-39). Ba ghné neamhphléite de Chogadh Cathartha na Spáinne líon na n-oibrithe leighis ó fud fad na hÉireann, oibrithe leighis ó Bhéal Feirste ina measc, a tháinig le páirt a ghlacadh sa chogadh. Aoichainteoir: Johnny Grogan, déantóir scannán agus úrscéalaí.

Cuirfear lón éadrom ar fáil ar 12.00i.n. agus beidh searmanas leagtha bláthfhleisce ann i ndiaidh an chruinithe ag Leac Chuimhneacháin na Briogáide Idirnáisiúnta i gCearnóg na Scríbhneoirí.

Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

Fiosrúcháin: lyndaernest@btinternet.com

12pm–1:30pm

'35 YEARS AND GROWING' EXHIBITION FEATURE PIECE

CONWAY MILL ATRIUM

Whiterock Children's Centre is celebrating 35 years of supporting families and children. This special exhibition features a photo collage celebrating the children who have journeyed through the centre over the years. The feature piece will be unveiled at the International Day.

Supported by Féile an Phobail's Community Engagement Programme

PRÍOMHPHÍOSA TAISPEÁNTAIS '35 YEARS AND GROWING'

AITRIAM MHUILEANN MHIC CON MIDHE

Beidh Ionad Páistí na Carraige Báine ag ceiliúradh 35 bliain ag tabhairt tacaíochta do theaghlaigh agus do pháistí. Sa taispeántas speisialta seo beidh colláis ghrianghrafanna a cheiliúrfaidh na páistí sin a bhí san ionad thar na blianta. Beidh an príomhphíosa á nochtadh ar an Lá Idirnáisiúnta.

Tacaithe ag Clár Rannpháirtíochta Pobail Féile an Phobail

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 181

12pm



AR AGHAIDH LINN – ONWARDS

CULTÚRLANN MACADAM Ó FIAICH, FALLS ROAD

The event will see Forbairt Feirste launch its latest Five-Year Strategic Plan for the future development of the Gaeltacht Quarter. The launch will be performed by Minister of Finance Dr Caoimhe Archibald, SF.

This event is bilingual – suitable for both Irish and English speakers

Free event. No booking required.

Enquires: jake@forbairtfeirste.com or 07739 875 309

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH, BÓTHAR NA BHFÁL

Beidh Forbairt Feirste ag seoladh a Phlean Straitéiseach Chúig Bliana Déanach ar fhorbairt na Ceathrún Gaeltachta sa todhchaí ag an ócáid seo. Déanfaidh an tAire Airgeadais sa tuaisceart, An Dr. Caoimhe Archibald, Sinn Féin an seoladh.

Is imeacht dátheangach é seo – beidh sé fóirsteanach do Ghaeilgeoirí agus do Bhéarlóirí araon

Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

Fiosrúcháin: jake@forbairtfeirste.com nó 07739875309

1pm

STEVIE CORR'S WALKING TOUR OF MILLTOWN CEMETERY

MEETING POINT: MAIN GATE OF MILLTOWN CEMETERY

See Page 37 for full events details.

TURAS SIÚIL STEVIE CORR DE REILIG BHAILE AN MHUILINN

ÁIT CHOINNE: PRÍOMHGHEATA REILIG BHAILE AN MHUILINN

Féach leathanach 37 le tuilleadh sonraí a fháil.

1pm

TOM HARTLEY'S WALKING TOUR OF BELFAST CITY CEMETERY

MEETING POINT: MAIN GATE BELFAST CITY CEMETERY

See Page 64 for full events details.

TURAS SIÚIL TOM HARTLEY DE REILIG CATHRACH BHÉAL FEIRSTE

ÁIT CHOINNE: PRÍOMHGHEATA REILIG CATHRACH BHÉAL FEIRSTE

Féach leathanach 64 le tuilleadh sonraí a fháil.

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 182

1pm



QUEERING THE IRISH REVOLUTION; SAME SEX RELATIONSHIPS AMONG IRISH FEMALE REVOLUTIONARIES

DAOINE AITEACHA I RÉABHLÓID NA HÉIREANN; CAIDRIMH CHOMHGHNÉIS I MEASC BANRÉABHLÓIDITHE ÉIREANNACHA

LINENHALL LIBRARY, DONEGAL SQUARE

Dr Mary McAuliffe, will use the diaries of Rosamund Jacob, Kathleen Lynn and the memoirs and archives of other suffrage and revolutionary women to look at the interlaced cohort of radical women who choose radical lives and radical loves. The women of this generation, many of whom came to feminism, socialism, and militant nationalism in the first decade of the 1900's, not only chose radical politics, but they also choose radial lives.

Free event. No booking required.

Book: https://www.linenhall.com/event/queering-the-irish-revolution-same-sex-relationships-among-irish-female-revolutionaries/

Organised by Féile's Debates and Discussions Committee

LEABHARLANN HALLA AN LÍNÉADAIGH, CEARNÓG DHÚN NA NGALL

Bainfidh an Dr. Mary McAuliffe úsáid as dialanna Rosamund Jacob, Kathleen Lynn agus as cuimhní cinn agus cartlanna mhná chearta vótála agus ban réabhlóideach eile chun iniúchadh a dhéanamh ar an ghrúpa measctha sin de mhná a roghnaigh saolta agus leannáin radacacha a bheith acu. Ní amháin gur roghnaigh na mná den ghlúin sin, ar ghlac cuid mhór díobh leis an fheimineachas, leis an sóisialachas agus leis an náisiúnachas mhíleatach sna chéad deich mbliana de na 1900í, an pholaitíocht radacach, ach roghnaigh siad saolta radacacha a bheith acu chomh maith.

Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

Le háit a chur in áirithe: https://www.linenhall.com/event/queering-the-irish-revolution-same-sex-relationships-among-irish-female-revolutionaries/

Eagraithe ag Coiste Plé agus Díospóireachtaí Féile an Phobail

1pm–3pm

RAIDIÓ FÁILTE ANNUAL LECTURE

RAIDIÓ FÁILTE, FALLS ROAD

Annual lecture with recognized figure in the Irish-speaking community.

This event is completely in Irish

Free event.

Register: https://www.eventbrite.co.uk/e/925981404307?aff=oddtdtcreator

Enquires: 028 9030 1103 or pobal@raidiofailte.com

LÉACHT BHLIANTÚIL RAIDIÓ FÁILTE

RAIDIÓ FÁILTE, BÓTHAR NA BHFÁL

Léacht bhliaintúil le pearsa mór le rá i saol na Gaeilge.

Beidh an t-imeacht seo i nGaeilge amháin

Saorchead isteach.

Le háit a chur in áirithe: https://www.eventbrite.co.uk/e/925981404307?aff=oddtdtcreator

Fiosrúcháin: pobal@raidiofailte.com nó 02890 301103

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 183

1pm



OBSTACLES TO THE ARTS
NA CONSTAICÍ ATÁ AG NA HEALAÍONA

ST MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

A recent study showed that less than one in 12 people working in TV, film and stage, are from a working-class background. Founder of the Belfast Film Festival, author and playwright Laurence McKeown, poet and playwright Robert 'Beano' Niblock and actress and star of Derry Girls Tara Lynne O'Neill talk about their own unconventional journey to a career in the arts. Chaired by Allison Morris.

Free event. No booking required.

Organised by Féile's Debates and Discussions Committee

COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Léirigh staidéar a rinneadh ar na mallaibh go raibh duine amháin in 12 dhuine ann a bhfuil cúlra lucht oibre acu, ag obair sna hearnálacha teilifíse, scannáin agus amharclannaíochta. Beidh bunaitheoir Fhéile Scannán Bhéal Feirste, an t-údar agus an drámadóir, Laurence McKeown, agus an file agus an drámadóir, Robert 'Beano' Niblock, agus an t-aisteoir agus réalta Derry Girls, Tara Lynne O'Neill, ag caint faoina dturais neamhghnácha i slí bheatha na n-ealaíon. Cathaoirleach: Allison Morris.

Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

Eagraithe ag Coiste Plé agus Díospóireachtaí Féile an Phobail

1:30pm



'LUIBH LETTER' POETRY WORKSHOP WITH SIOBHÁN DE PAOR
CEARDLANN FILÍOCHTA 'LUIBH LETTER' SIOBHÁN DE PAOR

GAIRDÍN AN PHOBAIL, BESIDE WHITEROCK LEISURE CENTRE

Siobhán De Paor is a spoken word poet who writes spiritual, social and political verse and established Wild Irish retreats with her partner Diarmuid Lyng which uses the Irish language to rewild the body, mind and soul.

In this unique Poetry workshop 'Luibh Letter' she will encourage the class to connect deeply with the plants in Gáirdín an Phobail and try Irish language poetry.

This class will be bilingual and open to all levels of Irish.

Free event.

Book: https://www.eventbrite.com/e/siobhan-de-paor-ceardlann-filiochta-luibh-letter-poetry-workshop-tickets-927281753687

Enquires: eoghan@glornamona.com

GAIRDÍN AN PHOBAIL, IN AICE LE SÓLANN BHÓTHAR NA CARRAIGE BÁINE

Is taibhfhile í Siobhán de Paor a chumann píosaí spioradálta, sóisialta is polaitiúla. Bhunaigh sí Wild Irish Retreats lena céile, Diarmuid Lyng, togra a bhaineann úsáid as an Ghaeilge mar mheán chun athfhiáiniú a dhéanamh ar an chorp, ar an mheon agus ar an anam.

Sa cheardlann filíochta uathúil seo 'Luibh Letter', beidh sí ag treorú an ranga chun nasc níos doimhne a dhéanamh leis na plandaí fiaine i nGairdín an Phobail agus filíocht Ghaeilge a thriail.

Beidh an cheardlann dátheangach agus oiriúnach do gach caighdeán Gaeilge.

Imeacht saor in aisce.

Le háit a chur in áirithe: https://www.eventbrite.com/e/siobhan-de-paor-ceardlann-filiochta-luibh-letter-poetry-workshop-tickets-927281753687

Fiosrúcháin: eoghan@glornamona.com

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 184

2pm



FROM SUMUD TO FREEDOM
Ó SUMUD GO SAOIRSE

CULTÚRLANN MC ADAM Ó FIAICH, FALLS ROAD

This workshop deals with cultural resistance in both Palestine and Ireland. With music and debates from artists and activists.

This event will be in Irish only.

Enquires: conchur@cnag.ie

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH, BÓTHAR NA BHFÁL

Is ceardlann é seo ar fhrithbheartaíocht chultúrtha sa Phalaistín agus in Éirinn, le ceol agus plé le gníomhaithe agus ealaíontóirí.

Beidh an t-imeacht seo i nGaeilge amháin.

Fiosrúcháin: conchur@cnag.ie

2pm



HERO OF BELFAST: MARY ANN MCCRACKEN WALKING TOUR
LAOCH BHÉAL FEIRSTE: TURAS SIÚIL MARY ANN MCCRACKEN

MEETING POINT: CLIFTON HOUSE, NORTH QUEEEN STREET

Experience Mary Ann McCracken's Belfast, as you walk in the footsteps of this abolitionist, philanthropist and social reformer. This tour takes in the locations linked to her life, her endeavours and that of her family. You will be led by an experienced guide through the same streets she walked over 200 years before.

Lasts approx. 2.5hrs. Includes tea and coffee. Please arrive 10 minutes before tour starts.

All dates: Fri 9th & Sat 10th

Tickets: £16.50 - £17.50

Book: https://cliftonbelfast.com/event/hero-of-belfast-mary-ann-mccracken-walking-tour-13/

Enquires: info@cliftonbelfast.org.uk or 028 9099 7022

ÁIT CHOINNE: TEACH CLIFTON, SRÁID NA BANRÍONA THUAIDH

Bain triail as Béal Feirste Mary Ann McCracken agus tusa ag leanstan lorg an chealaitheora, an daoncharad agus an leasaitheora shóisialta seo. Ar an turas seo tabharfaidh tú cuairt ar áiteanna a raibh baint acu lena saol, lena gníomhaíochtaí agus lena teaghlach. Beidh treoraí a bhfuil taithí aige/aici do do thabhairt tríd na sráideanna céanna a shiúil sí breis agus 200 bliain roimhe.

Mairfidh an turas thart ar 2.5 uair. Beidh tae agus caife san áireamh. Bí ann 10 nóiméad sula dtosóidh an turas le do thoil.

Na dátaí uilig: Dé hAoine 9ú & Dé Sathairn 10ú Lúnasa

Ticéid: £16.50 - £17.50

Le háit a chur in áirithe: https://cliftonbelfast.com/event/hero-of-belfast-mary-ann-mccracken-walking-tour-13/

Fiosrúcháin: info@cliftonbelfast.org.uk or 028 9099 7022

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 185

2pm





A NEW IRELAND: A REPUBLIC OF EQUALITY?

JAMES CONNOLLY VISITOR CENTRE, FALLS ROAD

As the conversation on Irish unity gains momentum, this talk will explore the pivotal role of the trade union movement in shaping the social and political landscape and driving conversations on rights, equality and economic justice in a new Ireland.

Joined by Owen Reidy (ICTU), Patricia McKeown (Unison) and John Samuelsen (TWU USA), chaired by Denise Walker (GMB)

Free event.

Book: info@arasuichonghaile.com

Enquires: info@arasuichonghaile.com

ÉIRE NUA: POBLACHT CHOTHROM?

ÁRAS UÍ CHONGHAILE, BÓTHAR NA BHFÁL

Pléifidh an chaint seo, agus an comhrá ar athaontú na hÉireann ag bailiú nirt, ról ríthábhachtach ghluaiseacht na gceardchumann agus an tionchar a bhí aici ar an tírdhreach shóisialta agus pholaitiúil agus na comhráite ar chearta, ar chomhionannas agus ar cheartas geilleagrach in Éirinn nua a chur chun cinn.

Beidh Owen Reidy (ICTU), Patricia McKeown (Unison) agus John Samuelsen (TWU USA) ann. Cathaoirleach: Denise Walker (GMB)

Imeacht saor in aisce.

Le háit a chur in áirithe: info@arasuichonghaile.com

Fiosrúcháin: info@arasuichonghaile.com



SCAN HERE

or visit www.feilebelfast.com for full Trad Trail details

FÉILE TRAD TRAIL

CONAIR CHEOIL THRAIDISIÚNTA FÉILE

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 186

4pm

Féile an Phobail
IRELAND'S BIGGEST COMMUNITY ARTS FESTIVAL
2024

WAY OUT WEST
FÉILE COUNTRY FEST



FRIDAY 9TH AUGUST
FALLS PARK BELFAST



THE WHISTLIN' DONKEYS
NATHAN CARTER | ALL FOLK'D UP
MORE ACTS TO BE ANNOUNCED!

TICKETS AVAILABLE
FROM TICKETMASTER.IE
TICKETS £20 (EXCL BOOKING FEES)



Comhairle Chathair Bhéal Feirste
PRINCIPAL FUNDER arts council of Northern Ireland
TOURISM NORTHERN IRELAND

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 187

4pm

"WE CANNOT CONCEIVE OF A FREE IRELAND WITH A SUBJECT WORKING CLASS". CLASS POLITICS AND THE STRUGGLE FOR UNITY, NATIONAL INDEPENDENCE AND SOCIALISM

ST. MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Irish Workers, north and south, cannot afford a passive strategy which would allow others to decide our fate. We need to bring forward demands and develop strategies that put working class interests to the fore. We need to build for unity, independence and socialism through working class unity and effort. Speakers: Eugene McCartan, Communist Party of Ireland and Tommy McKearney, Author of "The Provisional IRA: From Insurrection to Parliament".

Free event. No booking required.

Organised by The Communist Party of Ireland

"WE CANNOT CONCEIVE OF A FREE IRELAND WITH A SUBJECT WORKING CLASS". POLAITÍOCHT AICMEACH AGUS AN STREACHAILT LE HATHAONTÚ, NEAMHSPLEÁCHAS NÁISIÚNTA AGUS SÓISIALACHAS A BHAINT AMACH

COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Ní féidir le hoibrithe na hÉireann, thuaidh agus theas, straitéis ghéilliúil a bheith acu a ligfeadh do dhaoine eile ár gcinniúint a shocrú. Caithfidh muid éilimh a chur chun cinn agus straitéisí a fhorbairt a chuirfeadh suimeanna an lucht oibre chun tosaigh. Ní mór dúinn ullmhú d'athaontú, do neamhspleáchas agus don sóisialachas trí aontú agus iarrachtaí an lucht oibre. Cainteoirí: Eugene McCartan, Páirtí Cumannach na hÉireann agus Tommy McKearney, údar "The Provisional IRA: From Insurrection to Parliament".

Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

Eagraithe ag Páirtí Cumannach na hÉireann

5pm

CITIZEN'S RIGHTS DENIED: THE FIGHT CONTINUES

ST MARY'S UNIVERSITY COLLEGE, FALLS ROAD

Our panel will scrutinise the undermining of the rights agenda by successive British Governments since the onset of the conflict. The breaching of Convention rights of Irish citizens in the North, especially of Articles 2/3, are well documented by state institutions, via inquests. Ombudsman reports, as well as revelations from the Stalker/Stevens reports, aAnd of course there is still no Bill of Rights for the North. Chair, Avila Kilmurray will be in discussion with Monica McWilliams, Niall Murphy and Barry McGrory.

Free event. No booking required.

Organised by Time for Truth

CEARTA SAORÁNACH SÉANTA: LEANANN AN TROID GO FÓILL

COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

Déanfaidh ár bpainéal iniúchadh ar na fáthanna a mbaineann gach Rialtas na Breataine i ndiaidh a chéile an bonn de chlár na gceart ó thús na coimhlinte. Tá neart fianaise ag na hinstitiúidí stáit, tríd na fiosrúcháin, ar Rialtais na Breataine i ndiaidh a chéile ag sárú cearta Coinbhinsiúin na saoránach Éireannach sa Tuaisceart, go háirithe Ailt 2/3. Tuarascálacha an Ombudsman, chomh maith le rúin ó thuarascálacha Stalker/Stevens, agus níl Bille na gCeart ann don Tuaisceart go fóill leoga. Beidh na hábhair seo á bplé ag an Chathaoirleach, Avila Kilmurray, le Monica McWilliams, Niall Murphy agus Barry McGrory.

Imeacht saor in aisce. Ní bheidh áirithint ar bith de dhíth.

Eagraithe ag Time for Truth

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 188

7pm (Doors open at 6.30pm)

SCRIBES AT THE DUNCAIRN
SCRÍOBHAITHE AG IONAD DHÚN CAIRN

DUNCAIRN ARTS CENTRE, DUNCAIRN AVENUE
IONAD EALAÍON DHÚN CAIRN, ASCAILL DHÚN CAIRN


Paul McVeigh


Bernie McGil


Jan Carson

Paul McVeigh's short stories have been in numerous anthologies including 'Being Various', 'The Art of the Glimpse' and 'Common People'. They have also been printed in 'The London Magazine', 'The Stinging Fly' and 'The Irish Times', on radio at BBC 3, 4, 5; RTE 1, and Sky TV. His ten-part short story series, 'The Circus', appeared on BBC Radio 4 in 2023. Paul co-founded the London Short Story Festival and is associate director of Word Factory, 'the UK's national organisation for excellence in the short story' The Guardian. Paul's debut novel, 'The Good Son', won The McCrea Literary Award and The Polari First Novel Prize. His writing has been translated into seven languages.

Bhí gearrscéalta **Paul McVeig**h ina lán duanairí, ina measc, 'Being Various', 'The Art of the Glimpse' agus 'Common People'. Bhí siad clóite in 'The London Magazine', in 'The Stinging Fly' agus san 'The Irish Times', ar an raidió ar BBC 3, 4, 5; RTE 1, agus Sky TV chomh maith. Bhí a shraith gearrscéalta dheich gcuid 'The Circus' ar BBC Radio 4 in 2023. Chomhbhunaigh Paul Féile Gearrscéalta Londan agus is stiúrthóir comhlach Word Factory é, 'the UK's national organisation for excellence in the short story' The Guardian. Bhain an chéad úrscéal ag Paul, 'The Good Son', Duais Litríochta McCrea agus Duais Polari don Chéad Úrscéal. Tá a chuid scríbhneoireachta aistrithe i seacht dteanga.

Bernie McGill is the 2023 winner of the Edge Hill Short Story Prize for her collection This Train is For (No Alibis Press). She is the author of two novels: The Watch House (nominated for the Ireland European Union Prize for Literature in 2019) and The Butterfly Cabinet (2010) and of one further short story collection, Sleepwalkers (2013). Her work has appeared in a number of anthologies and has been broadcast on BBC Radio 3 and Radio 4. Bernie works as a Mentor for the Irish Writers' Centre and is an Associate Fellow with the Royal Literary Fund.

Is buaiteoir Duais Gearrscéalta Edge Hill 2023 í **Bernie McGill** dá bailiúchán This Train is For (No Alibis Press). Is údar dhá úrscéal í: 'The Watch House' (a bhí ainmnithe do Dhuais Litríochta na hÉireann an Aontais Eorpaigh in 2019) agus 'The Butterfly Cabinet' (2010) agus bailiúchán gearrscéalta eile, 'Sleepwalkers' (2013). Bhí a saothaoir ina lán duanairí, agus bhí siad craolta ar BBC Radio 3 agus ar Radio 4. Oibríonn Bernie mar Mheantóir d'Ionad Scríbhneoirí na hÉireann agus is Comhalta Comhlach leis an Chiste Litríochta Ríoga í.

Jan Carson's critically acclaimed writings explore themes related to identity, place and belonging, but also to angst and alienation, in such works as *The Fire Starters* (winner EU Prize for Literature, 2019) and *The Raptures*. She is also very funny! About her latest collection of short stories, *Quickly, While They Still Have Horses*, the *Irish Times* said: 'Long after the reader has closed the book, these tales linger in the mind: vivid, original and moving.

Pléann scríbhneoireachtaí **Jan Carson**, a fuair moladh ó na léirmheastóirí, téamaí a bhaineann le féiniúlacht, le háiteanna, le muintearas, ach le himní agus le coimhthíos chomh maith, i saothair dá cuid amhail *The Fire Starters* (buaiteoir Dhuais Litríochta an AE, 2019) agus *The Raptures*. Bíonn sí iontach greannmhar fosta! Mhaígh an *Irish Times* faoina bailiúchán gearrscéalta is déanaí, *Quickly, While They Still Have Horses*,: 'Long after the reader has closed the book, these tales linger in the mind: vivid, original and moving.'

Chaired by Marnie Kennedy, Shared Reading facilitator. This event is hosted by Stories@theDuncairn, a volunteer-led, community literary project, in partnership with the Greater New Lodge Community Festival and Féile an Phobail. Café at the Duncairn open for tea, coffee and refreshments. Wine Reception. All welcome!

Beidh Marnie Kennedy, Éascaitheoir Léitheoireachta Roinnte, ina cathaoirleach air. Beidh an t-imeacht seo arna óstáil ag Stories@theDuncairn, tionscadal litríochta pobail atá á threorú ag saorálaithe, i gcomhar le Féile Pobail Mhórcheantar an Lóiste Úir agus Féile an Phobail. Beidh an Café in Ionad Dhún Cairn oscailte agus beidh tae, caife agus sólaistí ar fáil. Fáiltiú Fíona. Beidh fáilte roimh chách!

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 189

7pm

VALUE CABS
(028)
90 80 90 80

RETURNING TO THE DEVENISH COMPLEX

THE DEVENISH
BELFAST

FRIDAY 9TH AUGUST

The Whiskey N White
PODCAST

HOSTED BY
TYRONE McKENNA &
TOMMY McCARTHY

SPECIAL GUESTS INCLUDE

ANTO CACACE

LABRINTH

TICKETS £15 - AVAILABLE
FROM DEVENISH RECEPTION

Féile an Phobail
IRELAND'S BIGGEST COMMUNITY ARTS FESTIVAL
2024

DEVENISHCOMPLEX.COM


PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 190

7pm



7pm

UNRECONCILED



CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH, FALLS ROAD

This solo play tells the story of a 13-year-old boy who dreams of becoming an actor, and a predatory priest who uses the theatre to abuse his victims.

All dates: Fri 9th, Sat 10th @ 7pm & Sun 11th @ 2pm

Tickets: £10-£15

Book: www.culturlann.ie

Enquires: unreconciled@gmail.com or sinead@culturlann.ie

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH, BÓTHAR NA BHFÁL

Insíonn an dráma le duine aonair seo scéal faoi ghasúr atá 13 bliana d'aois arb é rún a chroí é le bheith ina aisteoir agus faoi shagart chreachach a úsáideann an amharclann le mí-úsáid a bhaint as a íospartaigh.

Na dátaí uilig: Dé hAoine 9ú, Dé Sathairn 10ú ar 7i.n. & Dé Domhnaigh 11ú Lúnasa ar 2i.n

Ticéid: £10-£15

Le háit a chur in áirithe: www.culturlann.ie

Fiosrúcháin: unreconciled@gmail.com nó sinead@culturlann.ie

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 191

7:30pm

RHYTHMS AND TALES OF BELFAST

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH, FALLS ROAD


See Page 47 for full events details.

RHYTHMS AND TALES OF BELFAST

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH, BÓTHAR NA BHFÁL

Féach leathanach 47 le tuilleadh sonraí a fháil.

8pm



ANTHEM FOR DISSATISFACTION

RODDY MCCORLEY HERITAGE CENTRE, GLEN ROAD

See Page 27 for full events details.

ANTHEM FOR DISSATISFACTION

IONAD OIDHREACHTA RODAÍ MAC CORLAÍ, BÓTHAR AN GHLEANNA

Féach leathanach 27 le tuilleadh sonraí a fháil.

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 192

Ciste Infheistíochta Gaeilge www.ciste.ie

Infheistíochtaí Pobail Deireanacha

Recent Community Investments

Ciste Infheistíochta na Gaeilge
a mhaoinigh le lán-toil
na tionscadail chaipitil seo
in Iarthar Bhéal Feirste do phobal na Gaeilge:




Raidió Fáilte
Cumann Chluain Árd
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich
Iontaobhas na Gaelscolaíochta - Áras na bhFál
Glór na Móna - Gael-Ionad Mhic Goill
Ionad na Fuiseoige



Ciste Infheistíochta na Gaeilge
are the proud funders of these
West Belfast Irish language community facilities.

www.ciste.ie

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 193



PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 194

9am–2pm



FÉILE AN PHOBAIL POC FADA

DIVIS MOUNTAIN COFFEE BARN

The infamous Féile an Phobail Poc Fada will make a return to the wonderful setting of the Divis and Black Mountain. The Poc Fada is a very proud tradition for the GAA where Hurlers and Camogs have the opportunity to demonstrate their skills and determination as they battle against the elements and the mountainous conditions to keep their balance and co-ordination as they strike a sliothar over a lengthy course in the fewest strikes possible. A special invite will be sent to all Belfast clubs to nominate a player for each section.

Categories: Senior Ladies, Senior Men, U16 Girls & U17 Boy

Enquiries: 07960 755 645 or margaret.60@live.com

In partnership with Rossa GAC, Gaelfast and supported and hosted by the National Trust, Part of Féile's Community and Community Engagement Programme

SCIOBÓL CAIFE SHLIABH NA DUBHAISE

Beidh Poc Fada cáiliúil Féile an Phobail ar ais i mbliana ar shuíomhanna fíoráille na Dubhaise agus an tSléibhe Dhuibh. Tá an CLG an-bhródúil as an Phoc Fhada traidisiúnta mar a mbíonn deis ag Iománaithe agus Imreoirí Camógaíochta a scileanna agus a ndíograis a léiriú agus iad ag dul in iomaíocht na síne agus na haimsire sléibhe. Déanann siad iarracht a gcothrom a choinneáil agus an sliotar a bhualadh ar chúrsa fada, ag bualadh an tsliotair a luaithe uaireanta agus is féidir. Seolfar cuireadh speisialta chuig na cumainn go léir i mBéal Feirste le himreoir do gach rannóg a ainmniú.

Catagóirí: Na Mná Sinsearacha, Na Fir Shinsearacha, Cailíní F16 bliana d'aois & Gasúir F17 mbliana d'aois

Fiosrúcháin: 07960 755 645 nó margaret.60@live.com

I gcomhar le CLG na Rosann, Gaelfast agus tacaithe agus óstáilte ag an Iontaobhas Náisiúnta. Mar chuid de Chláir Chomhtháthú Pobail agus Rannpháirtíochta Pobail Féile an Phobail

10am & 1pm

CEOL DO ALL

ANDERSONSTOWN SCHOOL OF MUSIC UNIT – KENNEDY CENTRE (BESIDE OMNIPLEX)

See Page 16 for full events details.

CEOL DO ALL

IONAD SCOIL CHEOIL BHAILE ANDARSAN – IONAD UÍ CHINNÉIDE (IN AICE LEIS AN OMNIPLEX)

Féach leathanach 16 le tuilleadh sonraí a fháil.

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 195

10am



MEADOWS TO MOUNTAINS WALK
SIÚLÓID CHLUAINTE GO SLÉIBHTE

MEETING POINT: ST GALLS GAC, MILLTOWN ROW

The Meadows to Mountain walk will feature key environmental areas in West Belfast including the Bog Meadows, Falls Park, through to the Belfast Hills. This is a challenging but rewarding walk. Open to families and walkers. St. Galls CLG will provide refreshments and live entertainment on completion of the walk. Appropriate clothing, footwear, lunch, adequate fluids and a certain level of fitness needed. Approximately 4–5hrs. Return transport from Belfast Hills to St. Galls provided.

Register: joe@feilebelfast.com

Enquires: joe@feilebelfast.com

Part of Féile's Community Cohesion and Community Engagement Programme in partnership with St. Galls CLG, Belfast Hills and Belfast City Council

ÁIT CHOINNE: CLG NAOMH GALL, RAE BHAILE AN MHUILINN

Ar an tsiúlóid ó Chluainte go Sléibhte tabharfaidh muid cuairt ar phríomhcheantair thimpeallachta in Iarthar Bhéal Feirste, ina measc, Cluain an Bhogaidh, Páirc na bhFál agus Cnoic Bhéal Feirste. Is siúlóid dhúshlánach ach fhiúntach í seo. Oscailte do theaghlaigh agus do shiúlóirí. Cuirfidh CLG Naomh Gall sólaistí agus siamsaíocht bheo ar fáil i ndiaidh na siúlóide. Beidh éadaí, coisbheart oiriúnach agus leibhéal folláine ar leith de dhíth. Déan cinnte go mbeidh lón agus go leor deochanna leat fosta le do thoil. Glacfaidh an tsiúlóid thart ar 4 – 5 huaire. Cuirfear iompar ar fáil ó Chnoic Bhéal Feirste go CLG Naomh Gall.

Le clárú: joe@feilebelfast.com

Fiosrúcháin: joe@feilebelfast.com

Mar chuid de Chláir Chomhtháthú Pobail agus Rannpháirtíochta Pobail Féile an Phobail i gcomhar le CLG Naomh Gall, Páirtíocht Chnoic Bhéal Feirste agus Comhairle Cathrach Bhéal Feirste

10am

HERO OF BELFAST: MARY ANN MCCRACKEN WALKING TOUR

MEETING POINT: CLIFTON HOUSE, NORTH QUEEEN STREET

See Page 184 for full events details.

LAOCH BHÉAL FEIRSTE: TURAS SIÚIL MARY ANN MCCRACKEN

ÁIT CHOINNE: TEACH CLIFTON, SRÁID NA BANRÍONA THUAIDH

Féach leathanach 184 le tuilleadh sonraí a fháil.

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 196

10am–2pm

IRISH LANGUAGE INTENSIVE COURSE

BUNSCOIL PHOBAL FEIRSTE, ROSGOILL PARK

This one day intensive course is open to anyone who is looking to learn, improve or practice their Irish. All level of classes will be catered for (beginners, intermediate, advanced level) with lunch included.

Tickets: £20.Booking: cultur@ionadue.org nó uithuama@cnag.ie

Organised Ionad Uíbh Eachach & Craobh Uí Thuama

DIANCHÚRSA GAEILGE

BUNSCOIL PHOBAL FEIRSTE, PÁIRC ROS GOILL

Is dianchúrsa lae é seo atá oscailte do dhuine ar bith atá ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim, cur leis an Ghaeilge atá acu nó cleachtadh a dhéanamh ar a gcuid Gaeilge. Beidh ranganna á soláthar ag gach leibhéal (bunrang, meánrang, ardrang) agus cuirfear lón san áireamh.

Tickets: £20. Le háit a chur in áirithe: cultur@ionadue.org nó uithuama@cnag.ie

Eagraithe ag Ionad Uíbh Eachach & Craobh Uí Thuama

10am

THE FALLS ROAD MURAL TOUR

MEETING POINT: COISTE'S MURAL, DIVIS TOWER, DIVIS STREET

See Page 15 for full events details.

TURAS NA MÚRPHICTIÚR AR BHÓTHAR NA BHFÁL

ÁIT CHOINNE: MÚRPHICTIÚR COISTE, TÚR DHUBHAISE, SRÁID DHUBHAISE

Féach leathanach 15 le tuilleadh sonraí a fháil.

10am



"BIRTH OF IRISH REPUBLICANISM" THE UNITED IRISHMEN TOUR

MEETING POINT: OUTSIDE CASTLE COURT SHOPPING CENTRE, BERRY STREET

See Page 57 for full events details.

TURAS NA NÉIREANNACH AONTAITHE "TÚS AN PHOBLACHTACHAIS ÉIREANNAIGH"

ÁIT CHOINNE: TAOBH AMUIGH D'IONAD SIOPADÓIREACHTA CHÚIRT AN CHAISLEÁIN, SRÁID BERRY

Féach leathanach 57 le tuilleadh sonraí a fháil.

PRINT [v3] Feile August 2024 (c).qxp_Layout 1 01/07/2024 10:36 Page 197

11am

HALF PACE FESTIVAL OF SOCIAL HURLING

O'DONOVAN ROSSA GAC & PÁDRAIG SÁIRSÉIL GAC

Social Hurling festival with 16 teams from all over Ireland will play a blitz on Rossa and Sarsfields pitches followed by a social event with food, refreshments and music in Sarsfields clubrooms.

Enquires and to secure a place:
Brendan Murray 07950 968 773

FÉILE HALF PACE D'IOMÁNAÍOCHT SHÓISIALTA

CLG Ó DONNABHÁIN ROSA & CLG PÁDRAIG SÁIRSÉIL

Imreoidh 16 fhoireann ó fud fad na hÉireann bleaist ar pháirceanna imeartha CLG Ó Donnabháin Rosa agus CLG Pádraig Sáirséil. Beidh imeacht sóisialta le bia, sólaistí agus ceol ann ina dhiaidh i seomraí club CLG Pádaig Sáirséil.

Fiosrúcháin agus le háit a chur in áirithe:
Brendan Murray 07950968773

11am



BILINGUAL FAMILY YOGA WITH NUALA

IÓGA DÁTHEANGACH TEAGHLAIGH LE NUALA

MEETING POINT: TOP OF FALLS PARK, WHITEROCK ENTRANCE

Take some time out just for you and enjoy the surroundings of the Falls Park. Let Nuala guide you through a slow moving, restorative practice. This practice will help you to slow down and release some tension in your body. You'll leave this bilingual practice feeling strong in body and light in spirit. Suitable for English & Irish speakers and all levels of abilities.

Yoga mats and blankets are provided but you're welcome to bring your own

Spaces are limited and booking is essential

Book:
https://www.eventbrite.co.uk/e/920730849757?aff=oddtdtcreator

ÁIT CHOINNE: BARR PHÁIRC NA BHFÁL, SLÍ ISTEACH NA CARRAIGE BÁINE

